

Mionteangú na Gaeilge

Brian Ó Curnáin

| | | |
|----|---|----|
| 1 | Réamhrá..... | 1 |
| 2 | An Nua-aoiseachas..... | 3 |
| 3 | Mionlú..... | 5 |
| 4 | Mionteangachas fadsaolach — an domhan ina Chupvar?..... | 8 |
| 5 | Síceolaíocht mhionlach..... | 11 |
| 6 | Aonteangachas il-leicseach = mionteangachas..... | 15 |
| 7 | Fadhb an dátheangachais..... | 16 |
| 8 | Ionchur laghdaithe → aschur laghdaithe..... | 21 |
| 9 | An s-chuar; domhandú nó díothú..... | 27 |
| 10 | Maidhm na meán cumarsáide..... | 30 |
| 11 | ‘I hate Irish’, dochar agus sochar..... | 33 |
| 12 | Mama agus Deaide, mo phleanálaithe teanga..... | 33 |
| 13 | Tearmann..... | 43 |
| 14 | Réaltacht; tearmann, mainistir, músaem, geiteo..... | 45 |
| 15 | Leabharliosta..... | 56 |
| 16 | Fonótaí..... | 61 |

1 Réamhrá

Buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann leis na Dána go minic ná gur tuairim dá lán go bhfuil scil acu in ábhair leathana éagsúla na nDán céanna. Is é a fhearacht sin go háirithe ag socheolaíocht mionteanga é. Tá go leor mionteangóirí ina mion-sochtheangeolaithe, agus údar acu leis; ní mór dóibh sin nuair is leo dul go fiúntach i ngleic shíoraí leis an ngaol atá ag pobal beag le sochaí mórtheanga. Fágann sin go minic nach liachtaí mionteangóir ná barúil phearsanta nó clár raidió nó alt páipéir nuachta nó alt léannta irise nó fiú leabhar faoi na cúrsaí a phléifead san alt seo — cloch eile ar charn atá faraor scaipthe seantaitheithe caite ciorclach liocaithe liodánach leadránach. Is beag nach bhféadfaí liosta fada tagairtí agus athfhriotal leis an sochtheangeolaí mór le rá Joshua A. Fishman, go háirithe, a chur i ndiaidh gach abairte as seo síos go deireadh. Diabhal blas le déanamh le mionteanga ach cúis na mionteanga a athphlé! Mar a deir an té a deir é, tá a bhfuil le rá agamsa ráite cheana; gabhaim pardún ag an léitheoir faoi agus tá súil agam nach gcuireann an scothléitheoireacht scrábach atá déanta agam sa réimse léinn seo an iomarca lochtanna san aiste ná bearna rómhór idir anailís agus díograis.

Faraor is fusa i bhfad gearáin a liostáil (fearacht leagan fada ‘d’Ar Son na Cúise’ gearshúileach greannmhar ar *Foinse*) ná an saol a leigheas agus tá súil agam nach ndéanfaidh an t-alt seo ‘príomhghearán’ an fhoilseacháin. Ach ní miste an fhírinne mar a

fheicim í a chur i láthair le súil go dtabharfadh mo dhearcadh sa cúnaimh dhúinn cás na mionteanga sin againne, agus dá bhrí sin, mionteangacha an domhain, a thuiscint agus as an tuiscint sin tacú leo. Ar bhealach i gcás na Gaeilge, tá an mhionteanga is mó ar domhan i ngleic leis an mórtheanga is mó ar domhan: cás ríspéisiúil. Is dearcadh neamhleithscéalach Fishmanach atá agam. Fágann sin gurb é an soiscéal de réir Fishman atá san alt seo mar aon le taithí bhreise phearsanta an chanúineolaí pháirce. I mo bharúilse, tá dallamullóg ar an té nach dtugann fíorchreidiúint do léirmhínte cothaíocha tacúla Fishman (m. sh., Fishman 1989, 1991). Déanann Fishman mioninsint ar na fabhtanna a dtugaim aghaidh orthu san alt seo. Léigh Fishman is ní bheidh mórán le fáil as an alt seo agat. B'fhiú d'aon eagrais athbheochana mionteanga achoimre ar shaothar Fishman a aistriú ina mionteanga mar chéadchéim i mbunú a ndioscúrsa. B'fhéidir go mbrisfeadh sé cuid de na ciorcail shíoraí rodta sna dioscúrsaí sin. Is é Fishman is soiléire a leagann amach paraidím eolaíocht na pleanála teanga. Is éard tá i gcuid mhaith den alt seo, leagan de roinnt smaointe le Fishman d'fhoghlaimoirí malla. Tá barúlacha (ceilte go minic, ar ndóigh) frith-Fhishmanacha réamheolaíoch nó fritheolaíoch. Má tá Fishman mícheart, ba cheart sin a thaispeáint mar shárú cuiditheach. Nuair nach féidir fíricí Fishmanacha a bhréagnú, is minic go seachnaítear iad, go gcuirtear neacha éagsúla trína chéile, go háirithe an teanga mar theanga dhúchais (T1) agus an teanga mar theanga fhoghlamtha nó scoile (T2), nó go ginearálta ní aithnítear cúirt na fírinne.

Tá an fhírinne searbh do go leor, ach ná ceiltear í agus ná cuirtear searbh as i leith lucht inste na fírinne sin nuair is bunúsaí fúinniméadaí iad, agus dá bhrí sin, nuair is misniúla iad ná lucht séanta na fíricíúlachta. Cuid den fhírinne faoi mhionteangacha ná an méid daoine a sheachnaíonn an fhírinne — fóidín meara ar an bhfód dúchais. Is baolach teoiric nó cóir an léinn fhaiseanta liobrálach a chur timpeall ar ábhar gan aon bhunfhadhb a fhuascailt. Seachain an anailís gan díograis, chomh maith leis an díograis gan anailís. Tá cuid mhaith den tsochtheangeolaíocht gan bhrí. Is geall roinnt sochtheangeolaithe le réalteolaithe a bheadh ag plé leis na sféir aerga i gcóras Tolamaech, le patrúin neamhaí faoi bhrat an phosaitiveachais is frámaí tagartha scéimreacha taitneamhacha nó teoiricí 'áille', seachas le cumhacht na himtharraingthe sa réalteolaíocht Newtonach.¹ Ceann de léaspairtí Darwin ar choimhlint na ndúl beo, nuair a imríonn dhá chóras oscailte tionchar ar a chéile, sa láthair chéanna, iad ag brath ar an

bhfáiteall céanna, agus gur ollchóras féinchothaíoch ceann acu agus mionchóras an ceann eile, gurb é a ghnáth-thoradh bás an mhionchórais. Luigh Marx ar choimhlint sa tsochaí dhaonna de bharr míréitigh chumhachta, go háirithe ar dhíchumhachtú na dtuathánach, lena ‘saoradh’ ón talamh, agus i ngeall air sin, an smacht a bheith ag lucht caipitil ar oibrithe díshealbhaithe (Marx 1995: 364-5). (Cp. Bourhis et al. (2007) maidir le cúrsaí cumhachta i sochaithe ilteangacha). Marach go bhfuil dochar a bheith aonteangach i mionteanga na Gaeilge, ní bheadh Béarla againn ar fad. Tuig an dúshlán le haghaidh a thabhairt air, a deir Fishman, mar gurb éard atá i gceist lena réiteach, réabhlóid atá inchurtha le réabhlóid reiligiúnda i saol an teaghlaigh, i saol an dlúthchaidis agus i saol pobail.

Tá an plé seo síos lom simplí in aonturas. Tá an teanga agus iompar teanga ar cheann de ghnáis mhórchasta an tsaol. Feiniméin leanúnacha chointeanóideacha go leor dá mbaineann le hábhar. A chéadair, ámh, tá gá le soiléireacht coincheap. De réir Crystal (2000), tá na céimeanna i mbás teanga simplí. Is éard is bás ann, bitheolaíoch nó cultúrtha, aonghnéithiú leis an timpeallacht. Tá an bás i ndán don Ghaeltacht a raibh aithne againn uirthi, go gairid. Tá mé ag féachaint gach lá ar phobal Gaeilge dhúchais Iorras Aithneach is Chonamara ag saothrú an bháis loim ‘shimplí’ sin. Nuair atá othar ag fáil bháis is gá bunúdair an donais a aimsiú i dtosach is a chosc más féidir. Féach tosaíochtaí Fishman arís! Faiseantacht fhimíneach cuid den tsofaisticiúlacht a lochtódh na tosaíochtaí sin.

2 An Nua-aoiseachas

Tá Éire ar cheann de na tíortha is nua-aoisí ar domhan agus baineann tábhacht ár gcás sinne le hábhar don domhan mór, faoi láthair agus mar thuar don todhchaí. Tá próiseas an nua-aoisithe le sonrú i mionteangú na teanga dúchais agus gach uair a scríobhaim ‘Gaeilge’ san alt seo ní miste sin a ghinearálú go dtí ‘mionteanga’ nó mar ghluais bhoilscithe (sa gciall is leithne scaoilte) ‘gach teanga seachas Béarla.’ Ar an gcaoi chéanna is féidir ‘mórtheanga eile’ a léamh in áit ‘Béarla’ go minic.

Le ‘bás an nádúir’ agus ‘bás an tíreolais’, tá tionchar, smacht agus freagracht ag an tsochaí nua-aoiseach ar thréithe den tsaol a bhí do-smachtaithe go dtí seo. Tá baint nach beag ag ‘bás an nádúir’, meicniú na feirmeoireachta agus a cúlú ar thalamh domheicnithe,

le scáinteacht chultúr na Gaeltachta inniu ('home to second-generation peasant farmers' mar a thug Tanner (2004: 83) ar Ghaeltacht Chonamara), agus ar an gcaoi chéanna tá baint ag 'bás an tíreolais', soghluaiseacht fhisiciúil agus mheánaithe, le mionlú na nGael sa nGaeltacht. Ceann d'iarmhairtí 'bhás an tíreolais' is ea smacht nua forleathan an Bhéarla sa saol domhandaithe atá ina chionsiocair le 'bás' nua-aoiseach eile: 'bás na dteangacha'. Féach teideal na sárleabhar seo: *The rise and fall of languages* (Dixon 1997), *Language death* (Crystal 2000), *Vanishing voices: the extinction of the world's languages* (Nettle agus Romaine 2000), *Guthanna in éag: an mairfidh an Ghaeilge beo?* (McCloskey 2001), *Language in danger* (Dalby 2002) agus *When languages die: the extinction of the world's languages and the erosion of human knowledge* (Harrison 2007). Go leor de na hathruithe atá ar siúl is méaduithe scála iad, i mbuntomhais éagsúla. San eolaíocht, athraíonn an bonnstruchtúr réalaióch le hathruithe tábhachtacha scála. Tá an difear scála idir teaghlach agus pobal lárnach sa tsocheolaíocht. Féach, mar shampla, go gcruthaíonn taighde cáiréiseach go gcaithfidh reiligiún a bheith i réim i sochaí ar leith le go mbeidh rath chun dea-iompair ar thógáil reiligiúnda clainne sa tsochaí sin (Bainbridge 2001: 9).

Ach ceann de shaintréithe an nua-aoiseachais is ea an fhrithfhillteacht:² sa gcomhthéacs seo, go bhfuil smacht, tuairisciú agus tuiscint níos cumhachtaí ná riamh againn ar údair agus ábhair aistriú teanga. Tá fáil ar an eolas breise is gá le tabhairt faoi roghanna breise an nua-aoiseachais. Íoróin d'íoróineacha an tsaoil nua-aoisigh ná méid an eolais chéanna is castacht na roghanna le toghadh ceart a dhéanamh chun teacht as na géarchéimeanna tromchúiseacha domhanda. Tá ceachtanna stairiúla agus comhaimseartha le foghlaim againn ó go leor sochaithe a díothaíodh. Luíonn údair mar Primack agus Abrams (2006) agus Diamond (2005) ar na roghanna is gá a dhéanamh le teacht ón ngéarchéim. Tá an nádúr athraithe, tá nádúr nuaí ann, agus tá gá le 'mí-nádúr' nó le straitéisí nuaí le nádúr éigin a bheith sa saol. Gné den fhrithfhillteachas nua-aoiseach sin bunaithe ar fhíricí atá san alt seo romhainn, mar a mbeidh an speisialtóir teanga seo i ngleic le barúlacha coiteanna nó polaitiúla nó barúlacha speisialtóirí eile.

3 Mionlú

Ní miste ceann de shaintréithe mionlach teanga a mheabhrú: laige nó ganntan ceannairí intleachtúla (cf. §12). Tá seo le haithneachtáil go sonrach (i gcomhthéacs tíreolaíoch) i gcás na Gaeltachta. Is as an nGalltacht nó tá cónaí sa nGalltacht ar fhorhór lucht cúise na Gaeilge a thacaíonn go dlúth leis an nGaeilge go hintleachtúil agus go heacnamaíoch, .i. iad siúd atá i gceannas ar ‘dhioscúrsa na Gaeilge’ (ní áirím Gaill a thacaíonn léi). Fágann seo bearnaí, laigí agus easpaí suntasacha sa taithí shaoil agus sa dioscúrsa agus imeallú i bpolaitíocht na cumhachta. Arís agus arís eile, bíonn sainmhíniú nó daille ón taobh amuigh ar mhionlach. Tá sin dosheachanta cuid mhaith mar gur cuid shainmhíneach é den ní is mionlach ann, ach is gá don mhionlach agus don mhóramh é sin a mheabhrú dhóibh féin. Nuair nach bhfuil aon iongrúpa acu is ea is mionlach ceart iad ar bhealach. Níl aon iongrúpa folláin ná slán ann ach iongrúpa (aonteangach) na mórtheanga. Ach tá an Ghaeilge faoi chomaoin mhór ag daoine agus intleachtóirí ón taobh amuigh den Ghaeltacht, ath-Ghaeil más maith leat, duine acu mé féin mar a deir an mada beag.

Sampla den dearcadh seachtrach seo dhá inmheánú is ea cailleadh na dtéarmaí críochaithe ‘Gael’ agus ‘Gall.’ Sampla eile de shainmhíniú an tseachghrúpa is ea cuid mhaith den chnuasach altanna in Nic Phóidín agus Ó Cearnaigh (2008). Ní ag fáil loicht ar an bhfoilseachán é ná ar altanna breátha atá inti, ach is beag plé léiritheach inti ar an ngad is gaire don scornach: taithí saoil mionteangóir Gaeltachta ach go háirithe. Tréaslaím le heagarthóirí agus údair an leabhair as fiúntas a n-altanna ag míniú chás na Gaeilge do Bhéarlóirí, i bhfianaise, mar shampla, an fhaillí scannalach a rinneadh sna meáin Béarla ar an *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin et al. 2007). Ba mhór ab fhiú *An insider’s view* a fháil.³ Cá bhfuil na caibidlí ar pharadacs an chórais oideachais Ghaeltachta, a fhiúntas agus a chliseadh tubaisteach? Cá bhfuil plé ar thoradh dhearcadh leatromach na Roinne Oideachais ar an nGaeilge mar dhara teanga (T2) amháin, gur minic litearthacht T2 amháin a múintear do chainteoirí dúchais Gaeilge i scoileanna Gaeltachta dí-Ghaelaithe? Cá bhfuil an plé ar strus an mhionteangóra i gcóras stáit a mhionlaíonn ina dhúiche féin é? Cá bhfuil an plé ar an dream a iompaíonn ar an mBéarla lena gclann is a mhilleann naíonraí is scoltacha is Gaeltacht ar na Gaeil agus, tríd an tranglam, ar a gclann féin?

Agus an dúshaothrú agus an seadánú ar mhuintir Ghaelach na Gaeltachta a dhéananns Béarlóirí den tsórt sin ag teacht slán ar bhuntáistí, ar dheontaisí is phostanna Gaeltachta agus Gaeilge? (Ó Cadhain 2002: 34.) Cá bhfuil freagracht an Stáit gan tacú le caimiléarachta is diomalú mar seo? An bhfuil aon pholaiteoir náisiúnta againn? Cá bhfuil an plé ar an mbreac-Ghaeilge atá ag síothlú (agus ag sruthlú ar uairibh) isteach i Raidió na Gaeltachta agus dearcadh tubaisteach TG4 go minic i leith na Gaeilge dúchasaí, in ainneoin sárchláracha a bheith á gcráoladh? (Cp. O’Connell et al. 2008). Cá bhfuil an plé tuisceanach ar sheachadadh teanga idirghlúineach?

Deir Doyle (2008: 207) gur cheart ranna Gaeilge a ghalldú. Tá cúrsaí sa tsochtheangeolaíocht ag borradh sna ranna sin le blianta beaga anuas. Tá súil agam go bhfuil bunús smaointe Fishman fúthu agus go bhfuil fírinne searbha na Gaeltachta láithrí mar aon le feiniméan na Gaeilge iarthraidisiúnta á múineadh iontu. Is ceart na hollscoileanna a bheith rannpháirteach is tacúil sa bpleanáil teanga (cp. §12). Tá cliseadh éigin ar mhúineadh teangacha go ginearálta (taobh amuigh den Bhéarla mar dhara teanga), deirtear, agus is mór is fiú an mhórfhadhb a phlé. Arb é an réiteach ‘French Civilisation’, ‘German Civilisation’, ‘European Studies’, srl., a bheith ar fad á soláthar i mBéarla? Ach is é ‘Greek and Roman Civilisation’ an tsamhail is goire do láthair i gcás na Gaeilge iar-Athbheochana iar-Ghaeltachta. An buaiteoir, más maith leat, an Béarlóir, ag scríobh na staire. Ach céard is fiú Gaeilge mar T2 mara bhfuil lucht intleachta is oideachais sásta a labhairt ina gcuid léachtaí agus taobh amuigh dá gcuid léachtaí? Is innholta iontú ar an mBéarla le drochstaid na Gaeltachta agus cliseadh na hAthbheochana a mhíniú do Bhéarlóirí. Ach is fearr an cúram ollscolaíochta sin a chur ar roinn eile (ranna Béarla, staire, socheolaíochta, polaitíochta), ní ar roinn Gaeilge amháin. Níl sé cóir ar mhic léinn a bhfuil Gaeilge trí Ghaeilge uathu ná orthu siúd ar mhian leo an Ghaeilge atá sealbhaithe acu a chur ag obair.⁴ Is iomú paradacsa sa saol, is iomú sin paradacsa in athbheochan teanga. Is foghlaiméoir Gaeilge mise. Is minicí a chaithim breith ar an bhfoclóir agus ar shárfhoclóir analógach Uí Dhoibhlin (1998) ag scríobh an ailt seo dhom ná dá mba chainteoir ó dhúchas mé agus ba slachtmhaire an toradh dá mba ea freisin. Ba phraiticiúla an t-alt a scríobh i mBéarla ar bhunús acmhainn dúchais de. Ní hin le rá go mbeadh sé éasca i mBéarla, mar gheall ar a bhfuil caillte agam le foghlaim na Gaeilge. Ach ba mhíphraiticiúil an mhaise sin ar bhunús na hathbheochana teanga de.

Tagann an choimhlint seo as croí an mhionteangachais. Tá a loighic féin ag dhá thaobh na coimhlinte.

Sampla eile den dearcadh seachtrach: d’airigh mé ollamh ag maíomh ar Raidió na Gaeltachta i 2007 go mairfeadh an Ghaeilge go brách i gCorca Dhuibhne; furasta a aithint nach raibh sé ina chónaí ann cé nach gann ann a thacódh leis. Tuairim is mí roimhe sin dúirt saineolaí ar an nGaeilge chéanna liom gur Béarlóirí formhór na ngasúr i naíonra ann agus go raibh Gaeilge Chorca Dhuibhne ‘ag fáil bháis ón taobh istigh’ — an leagan a bhí aigesean ar na feiniméin a dtugaimse caint neamhthraidisiúnta, Gaeilge laghdaithe agus breac-Ghaeilge orthu (§8). D’airigh mé an t-ollamh úd ag maíomh ar chlár faoi dhioscúrsa na Gaeilge ar TG4 gur mar mhionteanga a mhairfidh sí feasta, ach faraor is é oighear ár scéil dhomhandaithe nua-aoisigh é nach slán an tsamhailt ‘mionteanga’ agus ‘maireachtáil.’

Tá neart de na saoithe i suan éalaitheach seachantach ar nós cuma liom. Ag an leibhéal náisiúnta is léir go dteastaíonn meithleacha oibre ar dhá mhóorthogra (a bheadh comhtháite le chéile):

Leibhéal na Socheolaíochta agus na Pleanála Teanga (m. sh., ceapadh polasaithe agus monatóireacht orthu);

Leibhéal na Teangeolaíochta Tuairisciúla.

Tá sé áitithe agam in Ó Curnáin (2007a: 60-62; freisin Ó Curnáin (le teacht)), agus ag scoláirí romham, féach, mar shampla, Ó Cuív (1951: 38, 58), go bhfuil canúintí teaghlach lárnach i léirmhíniú ar chanúineolaíocht na Gaeilge agus go mbaineann sin leis an lonnaíocht scaipthe ar ghabháltais talúna. Tá an lonnaíocht chéanna sa lá atá inniu ann, nach mór, ach tá laige na feirmeoireachta agus na ngréasán sóisialta ina míbhuntáiste i dtaobh dlús agus leanúnachas na mionteanga anois. Is geall leis an sceathrach fho-uirbeach an lonnaíocht seo anois, ach í réamhdhéanta ina hoidhre ar na gabháltais. Tá na ‘folúis’ chónaithe seo dhá gcruthú agus dhá líonadh i bpróiseas féinchothaithe ag an nua-aoiseachas *par excellence*: an tsoghluaiseacht fhisiciúil (carranna, srl.) agus na meáin chumarsáide (*TV, DVD, ríomhairí, srl.*).

Fillimis ar mhionlú na Gaeltachta agus na Gaeilge. Is féidir na leibhéil mhionlaithe sa nGaeltacht a léiriú, neadaithe ina chéile, do go leor den aos óg:

| | Seomra | Teach | Cód | Aois | Tíreolas | Eitniúlacht | Eitneas |
|------|-----------|-----------|---------------|-----------|-----------|-------------|---------|
| Mór | <i>TV</i> | <i>TV</i> | Códmhalartú | Gaill óga | Galltacht | Éireannach | nua |
| Beag | comhrá | comhrá | glan-Ghaeilge | Gaeil óga | Gaeltacht | Gaelach | sean |

Ina seomra codlata féin is mó ionchur Béarla ón *TV* ná comhrá Gaeilge. Ina dteach féin is mó ionchur Béarla ón *TV* ná comhrá Gaeilge. San ionchur Gaeilge ón gcomhrá is mó caint chódmhalartaithe ná glan-Ghaeilge. Is mó Gaill óga (dream atá ar shon an Bhéarla ina n-iompar) ná Gaeil óga bisiúla atá ann. Tá an Ghalltacht níos mó ná an Ghaeltacht. Tá níos mó Éireannach ann ná Gaeil. Tá níos mó eachtrannach ann ná Gaeil. (Ar ndóigh is mionlach iad muintir na hÉireann i ndomhan an Bhéarla ar thaobh amháin agus san Eoraip ar an taobh eile). Dhá leathanach den bhileog chéanna próiseas inmheánach agus seachtrach an mhionlaithe. Gné den phróiseas inmheánach is ea an sealbhú lochtach ar an mionteanga (§8), gné den phróiseas seachtrach is ea an dearcadh gur teanga mhionlaigh í. I mbuntomhas an ama, ní móide go mbíonn mórán oiread is lá amháin iomlán Gaeilge i saol na n-óg. Ní féidir an toradh teangeolaíoch ar an mionlú sóisialta seo a bhréagnú.

Tá íomhá chumhachtach an scátháin ag an Seoigeach in *Ulysses* ar an ealaíon Angla-Éireannach. Scáthán ar an saol an teanga a feictear trí ghloine na sochtheangeolaíochta agus na heitneatheangeolaíochta. Scáthán ar chumhachtaí an nua-aoiseachais Éireannaigh, scáthán ar Éirinn is ea an bhreac-Ghaeltacht, scáthán ar an nGaeltacht breac-Ghaeilge na n-óg, scáthán ar thógáil na hóige Béarlóirí spontánacha (§10). Tugann teanga sceite na n-óg an scáthán chun aghaidh na sochaí seo, sochaí na ngréasán sceite is an tsóisialaithe stoite. Seachadadh seachmháthartha, seachtheaghlaigh, seachmhuinteartha, seachphobail, seach-cheantair ... samhalta soghluaiste domhandaithe!

4 Mionteangachas fadsaolach — an domhan ina Chupvar?

Tagraíonn téarmaí go leor d'fheiniméin atá gaolmhar le chéile faoi scáth an iolrachais: ilteangachas, dátheangachas, ilchultúrachas, ilfhéiniúlacht. Ach i gcomhthéacs contúirtí míchruinnis an tsainmhínithe sheachtraigh a luaigh mé thuas (sainmhíniú an mhóraithe), agus i gcomhthéacsanna nua-aoiseacha ach go háirithe, ón dearcadh inmheánach, Fishmanach, is mór is fiú an léirthuisicint atá le fáil in úsáid an téarma 'mionteangachas.'

Is minic a maítear gurb é an t-ilteangachas, i bhfoirm choitianta an dátheangachais, gnás urlabhra an domhain, nó leath an domhain ar a laghad. Maítear freisin gur gnás fadsaolach é agus is rímhinic a tugtar eiseamláir an bhaile Indiaigh cheathairtheangaigh Cupvar (Kupwar i mBéarla), daonra 3,000, d’fhadsaolaí an ilteangachais i gcaitheamh go maith os cionn ceithre chéad bliain. Tá, áfach, dhá mhórphointe fíorthábhachtach maidir le cás Chupvar. Go hachomair, tá bunús sóisialta le ceann acu agus bunús teangeolaíoch leis an gceann eile:

is í an deighilt bhuan cheastach atá i bhfeidhm sa mbaile is bunchúis le seasmhacht an ilteangachais ann;

tá tionchar mór ag mórtheanga sheachtrach an bhaile ar mhionteangacha an bhaile — (go garbh) labhairtear na mionteangacha mar leicseas dúchais i struchtúr na mórtheanga (coinnítear focail na mionteangacha ach tá comhréir na mórtheanga i gceannas sna trí cinn eile).

Is gá a mheabhrú do lucht soineanta (nó bréagshoineanta) maíte an ilchultúrachais agus an ilteangachais go bhfuil bonn seachtheangeolaíoch feidhmeach na gceastaí i gCupvar neamh-nua-aoiseach. Agus ar aon chaoi (den bhuíochas don deighilt reiligiúnach), ar leibhéal simplí amháin, de bharr go bhfuil na teangacha ann dulta i gcosúlacht le chéile, (go háirithe le mórtheanga an cheantair, gur leagan den mhórtheanga sin, ach focla ón mionteanga curtha leis, a labhairtear) ní pobal ilteangach atá i gCupvar ach pobal aonteangach atá il-leicseach (mar a mhaíonn Foley 1997: 390).⁵ Ní miste sampla Iosrael a lua sa gcomhthéacs seo: eiseamláir de stát a d’athbheoigh a dteanga, ach ní hiondúil go luaitear gur ar bhonn seicteach reiligiúnda a bunaíodh an stát sin is go gcuirtear ciníochas ina leith in aghaidh Palaistíneach is Arabach go minic.

Sochaithe nua-aoiseacha atá ilteangach ar bhonn an aonaráin, níl a n-ilteangachas seasmhach ná fadsaolach. Tá na pobail mhionteangacha fhadsaolacha atá le fáil i sochaithe nua-aoiseacha, tá siad in aghaidh gníomhú sa saol nua-aoiseach, mar shampla Aimisigh na tuaithe agus Haisidim na cathrach i Státaí Aontaithe Mheiriceá. Go leor dá bhfuil á phlé san alt seo agam, go leor de dhioscúrsa na Gaeilge ar léiriú an trioblóid ar ár n-oscailteacht don nua-aois, is iad airí na haicíde iad seachas a leigheas a déarfadh na hAimisigh, dar liom.

Tá cás na seanmhionlach dúchais an-chosúil le cás na mionlach nua. Tá cás na Gaeilge sa nGaeltacht an-chosúil le cás Gearmáinise na n-inimirceach i Státaí Aontaithe Mheiriceá (ní áirím inimirceigh in Éirinn na haonú haoise is fiche). Is léiriú iad na nuálacha foghraíocha sochttheangeolaíocha sa mBéarla, rudaí atá nuaí don Bhéarla féin a bheith á nglacadh sa nGaeilge ionann's chomh luath céanna, ar a dhátheangaí is a ghalldaithe is atá an Ghaeltacht. Feictear nuálacha Béarla go luath sa nGaeilge chomh-aimseartha Ghaeltachta:

tabhairt chun tosaigh an ghuta chúil *ú* (ceannasaithe baineannach, dar liom);
ardú tuine deireadh cainte? mar a bheadh ceist? gan ceist? (ceannasaithe baineannach, dar liom; ‘uptalk’ a théarma, a bhunús in iardheisceart Státaí Mheiriceá (agus sna fritíortha is cosúil), m. sh., Pinker (2007: 381-2));

an stad glotach agus giorrú roimhe *yeah jÓ/* , (*tá >*) *ta tA/* , *sea Sa/* ;

caint ghlotach nó chneadach i dtreo an tsosa sa gcomhrá (roimh phausa; ceannasaithe baineannach, dar liom);

guys in áit nó i gcomhthéacs *sib(h)* i Ros Muc; agus,

an ceann is deireanaí atá mé a chloisteáil, leathnú nó coguasú *l* chaol: tá an *t-Irish peopil* (a bhí) ina *n-Irish peopol* anois; *ó well* an Bhéarla (le íslíú *Ó* ina *Ó* nó *a*) is é sin *wal* in ionad sean-*wÓl* go dtí *ceann eiala* (*ÓIE* (fiú *ÓIa*) in áit *ÓI E eile*) i Ros Muc, agus tá *ÓIE* cloiste agam ag triúr ban d’fhoireann Raidió na Gaeltachta i 2008.

Deir Máirtín Ó Murchú liom gur le linn do *r* deiridh a bheith á cailleadh i gcanúintí dheisceart na Breataine agus i mBéarla Mhanann, is é sin nuair a bhí an t-athrú ar bun beo bríomhar, is ea is dóichí a spréigh cailleadh *r* i nGaeilge cainteoirí dátheangacha Mhanann. Léiriú é seo dar linn ar dhátheangachas cainteoirí ag aois an-óg mar go bhfuil treocht faoi athrú na mórtheanga á sealbhú is á cur i bhfeidhm sa dá theanga. Cp. Ó Murchú (1985: 168-9).

Le mionteangacha a thabhairt slán, deir lucht bolscaireachta an ilteangachais, níl ag teastáil dháiríre ach malairt dearcadh. Go simplí, dá mbeadh dearcadh ‘nádúrtha’ mhuintir Chupvar againn i leith an ilteangachais bheadh ár n-ilteangachas fadsaolach; seachas dearcadh ‘ait’ an Bhéarlóra aonteangaigh cheannasaigh dhíothaithigh. Tá dearcadh an phobail fiorthábhachtach i gcúrsaí teanga ach tá soineantacht i ‘dtuiscint seo

an dearcaidh' (mar a thugaim air) i leith bhuanna an ilteangachais: go n-athródh malairt siombaile iompar daoine, gan malairt cumhachta. (Is inchomparáide soineantacht lucht cearta sibhialta in amanna mar a mheasann Bainbridge (2001: 9)). Tá tuar an díothaithe mionchultúr faoin nua-aoiseachas: lárnú na cumhachta eacnamaíche, polaitiúla, oideachais agus cumarsáide. Níl dearcadh an Bhéarlóra aonteangaigh 'ait,' tá sé nua-aoiseach. Tá sé ait chomh fada agus atá an saol nua-aoiseach ait. Tá an t-ilteangachas nádúrtha nuair atá cothroime cumhachta i gceist, m. sh., mionteanga le mionteanga. Ach is annamh gur hann don chothroime sin sa saol nua-aoiseach. Ar an gcaoi chéanna, ba dhócha le bolscairí an dátheangachais nua-aoisigh gurbh fhéidir le hathrú dearcaidh amháin an dátheangachas dealaitheach (nó dátheangachas pobail), mar atá sé le haithint sa nGaeltacht, a iompú ina dhátheangachas suimitheach (nó dátheangachas cinsealachta).

5 Síceolaíocht mhionlach

Tá léiriú an-fhóna le fáil ar an mbrú síceolaíoch atá ar mhionlach agus ar cheithre leibhéal struis a bhaineann le cleachtas i leith an ionghrúpa agus an seachghrúpa ag Berry (1997, de réir Eysenck 2000: 500). Inár gcásna: ionghrúpa = Gaeil; seachghrúpa = Gaill.

| Strus | Ionghrúpa Mionteanga | Seachghrúpa Mótheanga | Straitéis | |
|------------------------|-------------------------|--------------------------|--------------|---|
| is lú ↓ is mó | + | + | Comhchultúrú | 1 |
| | ∅ | + | Comhshamhlú | 2 |
| | + | ∅ | Deighilt | 3 |
| | ∅ | ∅ | Imeallú | 4 |

Tá na straitéisí seo i gceist go buan i saol mionteangóra agus i stair mionteanga; tá luachanna na sóinseálach, agus a dteaghlaim chasta, go minic, ag brath ar chomhthéacsanna uileghabhálacha an tsaoil. Is féidir réimse an-leathan a bheith ag gach aon straitéis acu agus b'inargóna stádas aon tsampla chultúrtha ar leith. Tá leibhéal bhreise choimpléascachta ann i gceisteanna sealbhaithe agus roghnaithe na straitéisí. Is mór, mar

shampla, idir comhshamhlú an dúchasaigh a dhiúltaíonn don ionghrúpa agus comhshamhlú an té nár thóg an dúchas in aon chor (cheal deise nó foinn nó eile). Tá na céimeanna éagsúla síceolaíocha seo inaitheanta dar liom do gach duine againn agus iad inaitheanta i staideanna éagsúla cainteoirí, ceantar agus tíortha.

Siod samplaí a léiríonn an réimse leathan iompar agus gur féidir an t-iompar céanna a shainmhíniú ar bhealaí éagsúla (freagraíonn 1-4 thíos do 1-4 sa tábla thuas):

- 1 Dátheangachas; códmhalartú; *Hello-in* (Ó Curnáin 2007a: 2005 n1); breac-Ghaeilge, Gaeilge a chodail amuigh.
- 2 Béarla (amháin) a labhairt; ‘Boggers’ Irish’ a thabhairt ar ghlan-Ghaeilge;⁶ ‘culchie Gaeilge’ a thabhairt ar ghlan-Ghaeilge:⁷
A Dia dhuit! B Hello! nó Hi! (B ag diúltú do léiriú A ar an ionghrúpa; cloiste go minic i gConamara agam ó 2006 i leith, B *Hi!* i 2008).
- 3 Glan-Ghaeilge a labhairt; ‘breac-Ghaeilge’ a thabhairt ar Ghaeilge laghdaithe; glan-Ghaeilge a thabhairt do do chlann; tréith shuntasach de shainmhíniú mionteanga is ea nach bhfuil an rogha ann Gaeilge amháin a labhairt, tuigeadh an bhunfhadhb seo i bhfad ó shin ach tá sí dearmadta ag go leor.
- 4 *A Bail ó Dhia ort! B Dia is Muire dhuit!* (a d’airigh mé 2007 i Ros Muc; níl *Hello!* ag B (tuairim is fiche bliain d’aois) anseo ach níl freagra traidisiúnta Gaelach (sealbhaithe nó chun cuimhne) ach an oiread).

Mar a deirim, tá na straitéisí seo an-leaisteach. Is cuimhneach liom lucht díolta poitín as na hOileáin a bheith ag Béarlóireacht le chéile i Maínis, Iorras Aithneach (ceantar Charna, tuairim is 1980í deireanacha). ‘Tá sibse ag Béarlóireacht le chéile,’ a deir Máire Chúláin as Maínis leo agus díomá is iontas uirthi. ‘Ó, tá,’ a deir fear acu, ‘ach níl canúint ar a[r] gcuid Béarla a’inn mar atá ag muintir’ Fiú má bhí na Béarlóirí seo comhshamhlaithe chuig an seachgrúpa do Mháire (Straitéis 2), bhí blas tíriúil ar an mBéarla acu dóibh féin (Straitéis 1).

Tá sé cruthaithe ag sochtheangeolaithe go bhfuil dearcadh i leith teanga ina inneall ar athrú foirmiúil teanga. Is coinníoll breise anuas ar laghdú an ionchuir thraidisiúnta atá i ndearcadh cainteora. Léiríonn códmhalartú agus athruithe foirmiúla eile dearcadh mionlaithe ar an mionteanga. Tá roinnt fianaise ag O’Malley Madec (2002: 158-61) ar

dhearcadh diúltach mhuintir Chonamara i leith Gaeilge gan códmhalartú (glan-Ghaeilge) ach ba mhór ab fhiú tuilleadh staidéir eolaíoch a dhéanamh ar an ábhar. ('Tá an Béarla chomh *powerful*. Tá an Béarla chomh láidir,' a dúirt seanmháthair liom as ceantar Chois Fharraige i mbliana ag plé staid na Gaeilge sa nGaeltacht (ag an dream óg). D'airíos uirthi go raibh aiféala uirthi faoin gcódmhalartú féinchoilteach a rinne sí féin is gur breith ar an aiféala aici an dara habairt ach go raibh brí na dara habairte sin lag ('powerful' i gcontrárthacht le scaoilteacht 'láidir'). Nach iontach a laghad códmheascadh is códmhalartú a dhéanann Béarlóirí na Gaeltachta! Is ábhar staidéir é an códmhalartú sa nGaeilge agus pléann scoláirí leis go tuairisceach neodrach nó molann a luachanna cruthaitheacha chun féiniúlachta nó ceann d'fhéiniúlachtaí ilchultúrtha a láithriú. Ach ní ceart failli a dhéanamh ar chomhthéacs na cumhachta a mheas. Léiriú ar an éagothroime is ea nach bhfuil macasamhail an chódmhalartaithe ilchultúrtha seo sa mBéarla comhaimseartha. Féach laige na staide don Ghaeilge: ní cainteoir iomlán Gaeltachta thú gan códmhalartú, .i. gan Béarla. Dá mhéad códmhalartú a bheas ann, is amhlaidh is mó gá a bheas leis nuair a ghlacann sé chuige treochoiteann chultúrtha. Nuair a sroichtear leibhéal áirithe úsáide de, ní mór tuilleadh de a úsáid le feidhm an fhaisin a bhaint as. Agus de réir mar a shealbhós gach glúin a leagan féin códmhalartaithe beidh an t-ionchur Gaeilge ag laghdú.

Bhuail sampla umam atá b'fhéidir feiliúnach mar léiriú ar an dearcadh mionlaithe atá i gceist agam: bean Ghaeltachta ar TG4 ar chlár faoi fhoghlaim na Gaeilge (sainmhíniú an tseachghrúpa arís, cé gur maith ann an freastal ar T2 agus T1 ar ndóigh), as mo chuimhne anois, dúirt sí dhá abairt i ngar dhá chéile, ceann i nGaeilge:

an bhean atá tú ag caint leis

agus ceann i mBéarla:

the woman who - whom you're talking to

Bheadh barúil agam go bhfuil baint ag stádas íslithe a bheith ag an nGaeilge le foirm na chéad abairte agus go bhfuil baint ag stádas ard an Bhéarla leis an bhféincheartú sa darna habairt. Gné den phleanáil teanga an phleanáil stádais.

Nuair a bhí mise ag dul ag an scoil i Maínis i 1976 bhítí ag glaoch ar a chéile sa tuiseal gairmeach, ' *Choilm*, ' *Mharcais*, ' *Sheáin*, ' *Chúláin*, mar shampla, is muid ag bualadh báire (ní ag *playáil football* ná ag *spraioi football* mar a chloisim anois i Ros Muc).

Tuairim is fiche bliain ina dhiaidh sin, bhí an Ghaeilge neamhthraidisiúnta ag teacht chun cinn go láidir agus dearcadh dhá réir. An cainteoir ba traidisiúnta i scoil Mhaínse i 1998, thug cailín eile as Maínis ‘caint aisteach’ ar a cuid cainte sin (gan ugach ná ceist ar bith uaimse faoi). Agus an cailín a chuir aistíl i leith an chailín thraidisiúnta, tógadh í go feasach Gaelach, ach teilifíseach. Ní chloisim tuiseal gairmeach ar bith anois, séimhiú gairmeach fiú, i mbunscoltacha Ros Muc. Tá go leor de mhuintir na scoláirí óga éirithe as, b’fhéidir a bhformhór, fiú is go raibh sé acu féin ina n-óige — comhaontas sheachaint an ghairmigh, díshealbhú (na sean) as neamhshealbhú (na n-óg). Tá simpliú mar seo coitianta i mionteangacha, go háirithe gnéithe atá i bhfad ón mórtheanga, m. sh., claochluithe tosaigh na Gaeilge. Sampla de an t-aistriú teanga féin, mar eiseamláir, géilleadh do Bhéarlóirí spontánacha (§10) trína bheith ag Béarlóireacht leo. Ní miste a rá gur fáinne iompair fritáirgiúil, le carraig de théarma a thabhairt dó, atá anseo: laghdú san ionchur don óige → simpliú san aschur as an óige → simpliú san ionchur as an seandream don óige → simpliú san aschur → Níl oidhre ar an iompar seo ach teanga shimplithe d’eachtrannaigh nó próiseas an phiseanaithe.

I gcúrsaí faisin teanga tá an rud a sheachnós an faisean chomh tábhachtach leis an rud a shantós sé. Is geatóirí an dream fásta ar an seanchultúr, nuair a bhíonn iompar scáthánach, treochtúil mar seo acu, dúnann siad an geata ar an dream óg. Bhí mé ag cur fhataí i ngairdín scoile le gairid le fear meánaosta eile i Ros Muc. Tháinig scata daltaí amach. ‘Bail ó Dhia oraibh!’ arsa siadsan as béal a chéile faoi rithim fhoghlamtha rainn. (Mo ghrá an múinteoir! Ní móide go bhfuil ‘Bail ó Dhia ort!’ cloiste ag a bhformhór de bheannacht thar chlaí. Má tá, ní ag dul an bóthar é is carr faoi thóin gach duine acu, chun na scoile is gach áit eile). ‘Heileo, a ghasúir!’ arsa mo chomrádaí, .i. ‘Ní bhaineann an sean-nath seo libh’ nó fiú ‘Níl cead agaibh isteach sa seanchultúr seo.’ Sin é an t-údar a bhfuil go leor de bhunadh óg na Gaeltachta a dhiúltaíonn beannú do mo ‘Dia dhuitse.’ Óna leitheidí faighim strainc nó/agus *Hello* nó ‘Dia is Muire dhuit’ magúil mar fhreagra nó, i 2008 don chéad uair, *Hi* cairdiúil réchúiseach (ó bhean mheánaosta agus ó bhean bhuntsean). Chun an choimhlint chultúr a ghnóthachtáil, deir cuid acu liom anois, shula labhair mise, *Hello* (agus go sciobtha aniar ina dhiaidh) *cén chaoi bhfuil tú?* nó seachnaíonn siad an choimhlint agus ‘beannaíonn’ siad le *cén chaoi bhfuil tú?* Le ‘Dia dhuit’ a rá i nGaeltacht an lae inniu le formhór an dreama óig, táir ag brú Gaelachais

antoiscthigh (in aghaidh shaoirse an dáchiallachais), táir ag diúltú do dheasghnáth an chódmhalartaithe go tuatach roimh thús comhrá fiú; is geall le leiceadar san aghaidh, le hionsaí pearsanta ‘Dia dhuit’ anois ar go leor de ghnáthmhuintir óg na ‘Gaeltachta,’ nó, ar bhealach, *sibh* in áit *thu* sa nGàidhlig nó *vous* in áit *tu* sa bhFraincis. Mo ghairm sibh! Ar ndóigh, is ag comharthú na láiochta, na hinscne baininne, na neamhfhoirmeáltachta, na comhghuaillíochta, na hidirnáisiúntachta fiú, atá go leor de na ‘heileodóirí’ is na ‘haigheadóirí’ seo agus ní frith-Ghaelachas; ar bhealach ní hann don Ghaelachas dóibh lena trasnáil nó tá sé aicmithe acu ar leibhéal eile dá bhféiniúlachtaí (nó go ‘sáinnítear’ le ‘Dia dhuit’ iad). Tabhair faoi deara nach leasc le muintir na Gaeltachta ‘slán’ a chur ag obair. Tá sin simplí ó thaobh foirme de: ‘Slán’ — ‘Slán’, i gcontrárthacht le ‘Dia dhuit’ — ‘Dia is Muire dhuit’; agus tá cead seachtrach ‘slán’ a úsáid, nach bhfuil sé coitianta ag Béarlóirí! Is domhain ráitis mar ‘fág an tír nó bí sa bhfaisean’ agus ‘sodar i ndiaidh na n-uasal’ dúinne. Tá brú mór síceolaíoch orainn, tá claonadh folláin nádúrtha sa duine le treochtaí a leanacht. Chuir Fishman fainic orainn gan a bheith ag síorshodar i ndiaidh luachanna na mórtheanga, m. sh., ‘caithfear an Ghaeilge a dhéanamh *cool*’, ‘tá an Ghaeilge *cool*’!

Glacann an saol leis (m. sh., Fishman (1987, 1991); Crystal (2000); Dixon (2004: 14-15) nach bhfuil aon rogha nua-aoiseach inmholta ann ach Straitéis 1: comhchultúrú an dátheangachais, .i. an mionteangachas. Casadh bean bhuntsean ar an traein orainn lá ag teacht isteach go Baile Átha Cliath. Ba mhór an spórt a bheith ag éisteach linn ag Gaeilgeoireacht, a dúirt sí as Béarla. Labhair sí ansin le gasúir óga nár thuig a cuid Béarla. Bhí alltacht bhromuaibhreach mhóiréiseach mórteanga uirthi: ‘But they’re bilingual, aren’t they?’ ‘Like you,’ bhí fonn orm a rá. Tá ualach freagracht breise ar bhaill mhionlaigh: is é an mionlóir ionadaí mór a chultúir. Mara labhaire mise Gaeilge, ní labhairfear í; mara dtuga mise Gaeilge do mo chlann, ní bheidh sí acu; mara seasa mise an fód Siod é coimhlint shíoraí Bourdieu (1991: 57).

6 Aonteangachas il-leicseach = mionteangachas

Is cosúil le chéile sa bhfadtéarma tiomsú go leor céimeanna comhchultúraithe agus céim amháin an chomhshamlaithe. Pléadh cás Chupvar thuas (§4). Is é a fhearacht sin, ní móide, ag an mionteangachas go ginearálta. Is é a thoradh fadsaolach, an t-aonteangachas

il-leicseach. Le deis dea-chainte a chur air: is (droch)aistritheoir gach mionteangóir nua-aoiseach (agus níl mise saor san alt seo). Nuair a d’admhaigh formhór na ngearrbhodach agus na ngearrchailiú a tógadh le Gaeilge agus a suirbhéaradh sa sárstaidéar arú anuraidh ar úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht (Ó Giollagáin et al. 2007 agus féach alt Uí Ghiollagáin san imleabhar seo), nuair a d’admhaíodar gur compóirtí iad i mBéarla ná i nGaeilge, d’fhreagair sin don chomhtháthú teangeolaíoch atá le mothú ina gcuid Gaeilge ar geall le haistriú focal ar fhocal ar an mBéarla go minic í; is fusa agus is feidhmí, go minic, cloí leis an mbunleagan agus gan bacadh le haistriúchán iomarcach, bacach. Don aos óg seo, níl acmhainní teanga, agus araile, ar fáil dóibh san ionghrúpa. Ní hionann a máthairtheanga agus a bpríomhtheanga. Feileann an téarma ‘leathchainteoir’ dá lán.

Tá staidéar ar an mionteangachas ina thionscal mhór fáis sa teangeolaíocht. Beifear in ann anailís a dhéanamh san 21^ú haois ar thionchar an Bhéarla ar na mílte teanga, agus tionchar na Spáinnise, na Portaingéilise, na Rúisise, na Sírise ar na céadta acu.

Tá an argóint atá mé a dhéanamh eisintiúil go heitniúlach, arís i dtéarmaí Fishman. Ó thaobh urlabhra phraiticiúil an aosa óig, maífi go bhfeidhmíonn siad go paiteanta i dtéarmaí tagartha an ilchultúrachais. Tá sin intuigthe ach fágann sé an t-eitneas agus ilghnéitheacht chultúrtha na cruinne ar an bhfaraor géar. Féach go bhfuil dream óg na mórtheanga ag feidhmiú go paiteanta ina mórtheanga féin go haonteangach gan bearna mhór cumais ná eile idir iadsan is a muintir (cé go bhfuil fianaise theangeolaíoch ar ‘thógáil na teilifíse’ ina measc siúd fiú).

7 Fadhb an dátheangachais

Bhí mé, tá cúpla bliain ó shin ann, ar pháirc pheile Chamais i gConamara ag lá spóirt is pléaráca. Bhí gasúir óga bunscoile ag rith thart is ag déanamh spraoi le chéile. Bhí an oiread Béarla, nó b’fhéidir níos mó, dhá labhairt acu le Gaeilge, ach bhí i bhfad níos mó Béarla le haireachtáil. Na gasúir a bhí ardghlórach, an cheannaireacht le brath orthu, bhíodar ag Béarlóireacht. Cén fáth é seo? Bhí suntas tugtha dhó sin cheana i Ros Muc agam. Is dóigh liom go dtéann sé go croílár an mhionteangachais.

Is iondúil sa lá atá inniu ann gurb é an dátheangachas leannán díograiseoirí mionteangacha agus, dá bhrí sin, cuid mhaith de lucht labhartha mionteangacha. Tá go leor Gaeilgeoirí níos tugtha d’idé-eolaíocht an dátheangachais ná don chine Gael mar

choincheap. Is mó de dhia beag acu an dátheangachas ná an Gaelachas. Tá cuid eile acu tugtha do thíriúlacht na saoihiúlachta traidisiúnta. Tar éis gur mhaith iontu féin an dátheangachas agus an thíriúlacht, ní leor thíriúlacht ná dátheangachas il-láithreach mar bhonn do thodhchaí mionteanga. Ar leibhéal amháin teangeolaíoch, is beag leis an thíriúlacht glacadh le nuathearmaí nua-Ghaelacha agus is mór ag an dátheangachas scaoilte an códmhalartú agus géilleadh don mhórtheanga. Diúltaíonn an róthíriúlacht do Ghaelú frithghníomhach ach glacann an dátheangachas le Béarla (cp. an plé ar thoradh O'Malley Madec (2002) thuas (§5)).

Baineann dhá mhórfhadhb leis an dátheangachas maidir le sealbhú mionteanga; ceann acu go laghdaíonn ionchur dátheangach ionchur na mionteanga don pháiste agus go bhfuil sé ina chionsiocair ar shealbhú easnamhach na mionteanga (mar a pléifear thíos, §8), agus an ceann eile go mbriseann sé fál cosanta deiridh mionchultúir. Tar éis gurb iondúil gurb iad na mórtheangóirí a shéananns agus a lochtaíonn an dátheangachas, tacaíonn taithí an dátheangachais lena ndearcadh ó thaobh na mionteanga de. Níl sé faiseanta, dar liom, aghaidh a thabhairt ar pharadacs an dátheangachais dhítheorannaithe, capall na Traí na mórtheanga, más maith leat, go háirithe i bpróiseas insealbhú mionteanga.

Is minic a luaitear nach bhfuil aon aonteangóirí Gaeilge, nó fíorbheagán, ag teacht chun na scoile feasta, fíú as comhluadair agus ceantair nach bhfuil aon Bhéarla á labhairt iontu, mar gheall go bhfuil Béarla sealbhaithe ón teilifís ag na páistí. Is minic a chonaic mé an sealbhú teilifíse seo ar bun agus cruthaithe. Is minic a dúirt gasúr liom gur shealbhaigh siad focail ar leith ón teilifís. Chonaiceas ag tarlú ‘beo’ é cupla babhta gur inis gasúr dom go raibh focal a ‘dúirt’ an teilifís, go raibh sé tuigte nó foghlamtha anois aige nó aici ón teilifís. Fíú mara bhfuil acmhainn bhisiúil Béarla acu, le cleachtadh buil na Béarlóirí aonteangacha agus leis an eolas (ón teilifís srl.) gur mionteanga atá acu féin, ní fada go mbíonn na Gaeil óga ag tógáil ar a n-acmhainn chéasta Béarla. Tá toradh simplí air sin: iompóidh aon Ghall amháin an comhluadar go Béarla, ding amháin agus scoilteann an t-adhmad. I sochaí mheasctha dhátheangach nua-aoiseach mar sin tá mionteangóirí *i gcónaí* sa mionlach. Mar shampla,

[beirt Ghall + ochtar Gael = deichniúr Béarlóirí].

Is iad an bheirt Ghall cinnirí an mhóraithe de dheichniúr Béarlóirí. Tá an Gall i gcónaí i ngreim sa roth tiomána i gcarr seo an dátheangachais. Arís, tá an feiniméan seo dhá léiriú agam ar leibhéal na teanga ach oibríonn sé ar gach leibhéal sa gcoibhneas idir mionlach comhchultúrtha agus móraithe. Pléadh cinseal an dearcaidh sheachtraigh (§3). Is é cinseal an mhóraithe is bonn le coimpléasc na hisleachta i mionlach. Ní amháin sin ach déanann an coibhneas seo cinnirí de Ghail i measc Gael: is é an Gall a chinneann teanga an chomhludair. Sin iad cinnirí glóracha na barrchéimíochta ar pháirc Chamais, dar liom féin. Níl aon leigheas eile air seo más linn mionteanga a sheachadadh do ghlúin eile agus comhludair a chothú dhóibh, ach gasúir a thógáil aonteangach. Is gá tearmann aonteangach a chothú do ghasúir aonteangacha na mionteanga agus cead isteach a thabhairt do ghasúir dhátheangacha atá sásta an mhionteanga amháin a labhairt. Mara bhfuil cosc ar an móraithe, tá cosc ar an mionteanga. Mara bhfuil cosc ar Bhéarla, tá cosc ar Ghaeilge. Is beag a thuigeann nó a ligeann lena n-ais ná a áitíonn an lomfhírinne seo ach níl ann ach leathnú ar loighic Fishman i bhfianaise fhabht an dátheangachais. Tabhair faoi deara le reacht an mhóraithe nach bhfuil aon phionós ar thréigean na mionteanga, ná ní bronntar aon bhuntáiste lena cosaint. Tá buntáiste an ardáin ag an móraithe agus tá buntáiste na hiarrachta is lú aici chomh maith. Arís, is brú chun an aonteangachais reacht an dátheangachais.

Tugann Gaeil suntas nach ionduíl go mbíonn aon náire ar Bhéarlóirí óga sa nGaeltacht a bheith ag stealladh Béarla. Tuigeann muid as dinimic an dátheangachais atá pléite agam cén fáth arb é malairt scéal na náire é. Buntáiste eile atá ag cinnirí an Bhéarla: is cainteoirí iomlána iad. Ní breac-Bhéarla stadach bacach a labhrann siad. Ní gá dhóibh gach re focal a chódmháirtú (ní hionann is Gaeilgeoirí óga a labhrann Gaeilge, §8). Tá toirt is téagar ina bhfoclóir is ina struchtúir ghramadúla Béarla (§9). Buntáiste eile fós: is iad na Béarlóirí coimeádaithe agus cinnirí fhaisiúin an mhórchultúir a thagann ina sruth fuaimhíse síoraí chucu (§10). Tugann imeartas focal atá ag bean as Ros an Mhíl cinseal faisin agus cinseal cumas teanga na gcinnirí Béarla seo i gcéill go paiteanta. Deir sí: ‘An dream atá *cool* níl siad ‘cúl’ ná aon tuiscint acu ar an bhfocal.’ (I gcanúint Chonnacht ‘cúl’ = ‘cúthail’ go coitianta sa bhfuaimniú, mar sin is ionann fuaim do *cool* agus ‘cúthail’ atá, cuid mhaith, ar mhalairt céille). Tá an caipiteal sóisialta agus cultúrtha bronnta suas ar an móraithe agus ar a ceannródaithe.

Mar a deir Fishman faoin dátheangachas gan débhéascna (.i. an gnáthleagan nua-aoiseach den dátheangachas), tá caiscín na mionteanga meilte nuair a chúitíonn sí a mórtheangachas le lucht na mionteanga (Fishman 1989: 206-7; cp. briathra meala ‘dhaonlathas na himeallchríche’ 212, cur chuige ar léiriú é ar an ‘bhfréamhú sa stoitheadh’ nó ‘being rooted in uprootedness’ (Hayden 1997: 8) ar saimplín de an glacadh le ‘slán’ ach an diúltú do ‘Dia dhuit’ a pléadh thuas, §5). Nuair a pléitear an dátheangachas in iarthar domhain is minic gur i gcomhthéacs dhá theanga atá réasúnta mór é, mar atá, an Fhraincis is an Spáinnis, nó an Ghearmáinis is an Iodáilis. Sin teangacha a bhfuil, nó a raibh go dtí le gairid, moll aonteangóirí acu; tá cinseal ina ndúiche féin acu. Caitear comparáid a bhunú ar chineálacha atá inchomparáide. Ní hionann an cás ar chor ar bith nuair atá gach cainteoir dátheangach, mar go bhfuil iomarcacht i gceist insa gcás sin is go gcailltear an teanga is lú sochar, .i. an mhionteanga. Ciallaíonn cothroime (theoiriciúil) cumais sa dátheangachas bás don teanga iomarcach. Ceaptar gur mór an chéim chun tosaigh, mar shampla, do mhionlaigh áirithe an t-oideachas dátheangach, agus is ea, ach ná cuireadh sin dallamullóg orainn gur slánú dóibh é.

Bhí mé oíche anuraidh (2008) i dteach ósta Uí Chléirigh i Ros Muc. Bhí gach duine, tuairim is scór duine, ag Gaeilgeoireacht luath san oíche, fiú an dream óg, seisear nó seachtar acu, a bhí ag caitheamh saighead. Ach tháinig Béarlóir amháin (beirt nó triúr chuig lucht na saighead) isteach i ngach comhluadar (seachas builcín amháin de thriúr seanleids). Tuairim is ceathrar nó cúigear Béarlóirí a tháinig. Bhí gach comhluadar den teach ag Béarlóireacht anois (seachas an triúr seanleids). Tarlaíonn a leithéid lá i ndiaidh lae, céimín bheag géillte ar chéimín bheag géillte.

Chonaiceas fóinteacht an aonteangachais sa mionteanga ag obair i Maínis in Iorras Aithneach tá tríocha bliain ó shin ann (1976). Buachaill óg a raibh cúlra measctha teanga sa mbaile aige agus nach bhfreagródh Gaeilge a Mhamó ná a Dheaideo, Máire agus Seán Chúláin ar fhan mise acu, ach i mBéarla. Bhí sé ina leathchainteoir neamhghníomhach le téarma a thabhairt air. An chéad lá a ndeachaigh sé ag an scoil i Maínis, níor airigh sé ach Gaeilge ann, bhí gasúir ann nach dtuigfeadh a Bhéarla. Tar éis na scoile tháinig sé ar cuairt ag Mamó is ag Deaideo (bhí mé féin i láthair), is labhair sé Gaeilge linn don chéad uair ariamh is níor labhair Béarla linn ó shin. Ar ndóigh, níl ansin ach sampla de

mhionteanga ag feidhmiú mar mhórtéanga ina dúiche féin, aistriú ó Bhéarla (nó Fraincis nó Lochlainnis) go Gaeilge ab éigin do na mílte eachtrannach a dhéanamh go stairiúil. Ach is í an chumhacht comhshamhlaithe chun mionteanga ó mhórtéanga is fearr sa saol nua-aoiseach ná comhthéacs tearmainn aonteangaigh.

Duine ar bith a chaith seal sách fada sa nGaeltacht chonaic sé Béarlóirí buana, Gaill Éireann nó Sasanaigh mar shampla atá pósta isteach ann, a thuigeann Gaeilge ach nach labhrann í. D’airigh mé eiseamláir tá seachtain ó shin ann, is é a chuir i mo cheann é. ‘Chuaigh siad le X,’ a dúirt mac an Bhéarlóra liom. ‘Are you sure?’ a dúirt sí féin leis. (Labhrann an bhean chéanna Gaeilge liomsa agus le díograiseoirí eile agus le corr-sheanduine.) Ní le grá don Bhéarla ná le gráin ar an nGaeilge nach ndéanann Gaill dátheangóirí bisiúla ach cloíonn siad leis an mBéarla mar gheall ar dhátheangachas an phobail. Is fearr do chuid Béarlása ná Gaeilge bhacach foghlaiméora. Fágfaidh sin gur beag Béarlóir, nach díograiseoir, a labharfas Gaeilge. Ceapann ‘tuiscint an dearcaidh’ (§4) díograiseoir a dhéanamh as gach Gall sa nGaeltacht. Beag an baol i nGaeltacht dhátheangach.

Tá fadhb bhreise ann le ‘bás an phobail’: go bpósann daoine isteach ach nach bhfuil aon áit istigh dhóibh níos mó mar go bhfuil go leor d’áit phoiblí is shóisialta an phobail cúngaithe ag an taisteal, na meáin leictreonacha, srl. Siod gné den bhearna is léir atá ina constaic idir sinsear agus a sliocht a pléitear thíos (§8) agus idir foghlaiméoirí nó scoláirí óga ar cuairt sa nGaeltacht chomhaimseartha. Ach an oiread leis an nGael fásta, ná tráchtar ar ghasúir ná lucht foghlamtha amháin, céard tá le déanamh lena c(h)uid Gaeilge aige nó aici cheal pobail? Is mór an jab smachtbhanna a chur ar ‘iarphobal’ nua-aoiseach. Deir fear meánaosta as Ros Muc liom go bhfuagraíodh sé ar thuismitheoirí fadó faoina bheith ag Béarlóireacht lena gclann is go gcuireadh sé náire orthu. ‘Tabhair aire do do ghnoithe féin!’ a n-aisfhreagra anois leis, a deir sé liom. Bhí an-bhrú ag Béarlóirí ar an bhfear céanna ag ócáid phoiblí i Ros Muc i mbliana Béarla a labhairt chomh maith le Gaeilge. Níor ghéill sé. Buadh an cath sin. (Bhí mise an-tsásta mar bhí an fhreagracht bainte dhíomsa agus de chompánach liom a raibh inní air roimhe ré go dtosóinnse ag sárú ar son na Gaeilge mar ab éigin dom a dhéanamh cheana). Bhí ócáid iomlán trí Ghaeilge ann, taobh amuigh de na thuismitheoirí sa lucht féachana a bhí ag Béarlóireacht lena gclann ach ag Gaeilgeoireacht leis an gcuid eile den slua. Ag ócáid phoiblí eile, rásaí

báid ar Chéibh na hAille Buí, Ros Muc, tá cúpla bliain ó shin ann, bhí tráchttaireacht ar na callairí poiblí á déanamh i mBéarla amháin. Ní fhaca mé aon bhrú á chur ar an mBéarlóir sin.

Tá pointe eile a déantar go minic i gcomhthéacs an dátheangachais, gurb ionann teangacha ar leibhéal deacracht sealbhaithe. Mar sin, má fhaigheann páiste ionchur comhthomhaiste cothrom sa dá theanga go sealbhóidh sé an péire chomh maith céanna. Tá sé léirithe ag staidéir ar shealbhú dátheangach ámh nach bhfuil an scéal leath chomh simplí sin (m.sh. Yip agus Matthews (2007)). ‘Comhthomhaiste cothrom’ i gcomhthéacs oscailte nua-aoiseach na *mionteanga* in aghaidh na *mórtheanga*! Féach toradh Chupvar, féach an Ghaeilge neamhthraidisiúnta, ar leagan den Bhéarla go leor di: an mhórtheanga dá sealbhú is an mhionteanga ar a scáth. Tá an mhionteanga ina sop sa leathscáth.

Coimhlint iomlán atá i gcoimhlint mionteanga le mórtheanga (Bourdieu 1991: 57). Tá gach rud ‘trioblóideach’ san áit nach bhfuil an smacht: pobal mionlaithe, sin pobal ar easpa smachta, tá a smacht nó a scáth cosanta tugtha uathu:

The rain it raineth on the just,
 And also on the unjust fella.
 But chiefly on the just, because
 The unjust hath the just’s umbrella.
 (An Tiarna Breithimh Bowen, in Dawkins 2006: 386)

Chead ag an mórtheangóir acmhainneach a bheith aonchultúrach. Dualgas ar an mionteangóir dealbh a bheith ilghnéitheach!

An ea nach bhfuil ciall ag lucht an oilc?
 Slogann siad mo phobal
 go díreach mar a shlogfaí arán. (Leabhar na Salm, 14: 4)

8 Ionchur laghdaithe → aschur laghdaithe

Tá beagán cur síos déanta agam ar an nGaeilge neamhthraidisiúnta agus ar bhreac-Ghaeilge na nglúinte deireanacha i mo leabhar ar Ghaeilge Iorras Aithneach (Ó Curnáin

2007a: 59-60), i léacht a thug mé ag an gComhdháil Cheilteach sa nGearmáin (Ó Curnáin 2007b) agus in Ó Curnáin (le teacht). Beidh sealbhú déanta ag gasúr ar fhúinniméad a theanga dúchais ‘de ghnáth’ gan stró thart ar aois a cheithre bliana. Nuair a chliseann an mhíorúilt seo is ea feictear a hiontas. Tá cásanna cáiliúla de ghasúir bhochta nach bhfuair aon ionchur, ‘gasúir fhiáine’ ar dearnadh faillí nó míchúram díobh nó ar scoitheadh ó chomhluadar daonna iad, is nár éirigh leo teanga dhúchais a shealbhú.


I gcás na Gaeltachta comhaimseartha, samhlaigh gasúr seacht mbliana a bhfuil beithígh ag an athair thimpeall an tí acu ag tabhairt *bóannaí* ar na beithígh sin. Samhlaigh gasúr eile den mhuirín deich mbliana d’aois ag tabhairt *bridge* ar dhroichead. Duine eile clainne, cúig bliana d’aois, ná raibh in ann ainm a thabhairt ar an ngealach a bhí ag scaladh anuas air/uirthi, nár thuig *lochán* lá báistí ina s(h)easamh os comhair locháin, agus nár thuig *síoc* ná *leac oighir* sa gcomhrá lá crua geimhridh agus a thug *fuinneogaí* ar an leac oighir nuair a taispeánadh dhó/dhi é. Tá bearna cumarsáide idir an mhuintir agus a gclann, tá fabht sa seachadadh cultúir. Tá an chlann seo ar an gclann óg is fearr Gaeilge i Ros Muc faoi láthair. Chuir gasúr eile cúig bliana d’aois, ar mó an Béarla (m. sh., leabhair is cluichí Béarla do pháistí aige/aici) agus ar mó a bhfuil de theilifíseáin sa teach acu ná an chéad teaghlach a luas, chuir sé/sí ceist orm féin, tar éis dom suntas a tharraingt ar a c(h)ódmhalartú (a chomharthaigh dó/di go raibh geis ar chódmhalartú), agus é/í ag cur síos ar phictiúr a bhí sé/sí a tharraingt, chuir sé/sí ceist orm ‘Céard é *moon* in Gwaeilge?’ I gcomhluadar dreama óig den tsórt feidhmíonn reacht an chomhainmneora is ísle (ar mhodh reacht an mhóraithe a pléadh i gcomhthéacs an dátheangachais (§7)). Tá beagán acu is tá an beagán sin an-athraithe. Le géarchéim an tsealbhaithe sa 21^ú haois a léiriú don alt seo is leor sampla amháin eile a thabhairt a d’airigh mé le gairid:

Ní understand-áileann mé é seo (12 Márta 2008; dáta breithe an chainteora 2000; deartháir/dreifiúr don té a labhair ar *mhoon*).

Ní leor an t-ionchur laghdaithe de chaint Ghaeilge a fhaigheann na gasúir seo le hacmhainn a shealbhú sa nGaeilge atá sách maith, i gcomparáid leis an acmhainn sa mBéarla a shealbhaíonn siad sa gcomhthéacs dátheangach. Tá seachadadh Gaeilge den tsórt seo ‘mí-ábaltá’ sa mbrí bhitheolaíoch mar gur doiligh dó athsheachadadh. Is glinne de lionsa mionteanga ar athrú sícshóisialta ná mórtheanga mar gur léiriú í an mhionteanga ar an bhfoinse dhúchais amháin.

Áitím go bhfuil baint lárnach ag an minicíocht le cruthú na cainte neamhthraidisiúnta, go bhfuil fianaise ann nach sealbhaítear ach na foirmeacha is coitianta. Áitím go bhfuil cainníocht agus cáilíocht fite fuaite ina chéile i sealbhú teanga (agus i sealbhú cultúir go ginearálta, ar ndóigh). De réir Bates agus Goodman (2001) ní thig le páistí (suas go dtí 30 mí d’aois) castacht ghramadaí agus chomhréire a shealbhú gan foclóir mór. Féach gurb ionann sealbhú an Bhéarla agus na hIodáilise sa gcás seo (Graf 1, aistrithe agam ó Bates agus Goodman 2001: 145, ‘Figure 10.7’).

Graf 1. Castacht ghramadaí mar fheidhm de mhéid foclóra sa mBéarla vs. san Iodáilis



Léiríonn an graf nach mbíonn castacht ghramadaí ach ag páistí a bhfuil go leor focal sealbhaithe acu. Tá coibhneas easpóntúil ann idir líon na bhfocal agus an chastacht ghramadaí, leathcheann a chéile iad líon focal agus castacht ghramadaí. Ní fhónann sealbhú ar leathcheann. Tá tuiscint choitianta sheachmaill ag daoine gur féidir sealbhú teanga dúchais a chéimniú amhail a dhealaíonn an teangeolaíocht a hábhar léinn i rannóga na foghraíochta, na deilbhíochta, na comhréire, an fhoclóra is an dioscúrsa. Mar shampla, ceapann daoine go sealbhóidh páistí bunús ghramadach agus chomhréir na Gaeilge sa mbaile agus go leathnóidh siad go háirithe an foclóir sa scoil. ‘Tá na bunstruchtúir acu, níl uathu anois ach foclóir breise a fháil,’ sin fallás dhéachais an struchtúir agus an fhoclóra. Mar is frae chéile is gá an teanga a shealbhú, gach páirt i

bhfochair a chéile ag an am céanna. Léiríonn sárobair Bates agus Goodman fabht sa tuiscint choitianta chéimnithe: ní sealbhaítear go leor gramadaí gan go leor focal, ní sealbhaítear go leor focal gan go leor gramadaí. Ní féidir struchtúr a shealbhú gan focla, ní féidir focla a fhoghlaim dí-chomhthéacsaithe. (Tá an pointe deiridh cruthaithe i dtástálacha foghlama foclóra. Ní féidir focail a fhoghlaim as comhthéacs a n-úsáide. Is é an comhthéacs teangeolaíoch an *sine qua non*, ach dhá shaibhre an comhthéacs is fearr). Le linn fáis linbh, ní fhásann an craiceann i dtosach, ansin na cnámha, ansin an fheoil. Fásann an chnáimh, an fheoil agus an craiceann in éindí. Luas thuas go bhfuil beagán ag an dream óg is go bhfuil an beagán sin an-athraithe. Níl an mhais chriticiúil ag an nGaeilge ina measc, sin crititiciúlacht ionchuir, minicíochta, éifeachta, suntais, airde, intuightheachta, cleachtaidh, úsáide. Ar shlí, ní féidir beagán Gaeilge thraidisiúnta a shealbhú. Má shealbhaíonn tú beagán, beidh sí neamhthraidisiúnta. Go bunúsach is ionann ‘ciall’ agus ‘feidhm’ (cp. foclóir agus struchtúr). Ag leibhéal an duine aonair agus na sochaí, is é dúshlán na mionteanga a bheith feidhmeach, ciall a bheith léi.

Tá an mhíthuiscint choitianta chéimnithe cosúil le tuiscint fhabhtach dhéachúil (‘dualist’) eile ar theanga: go bhfuil caint ag gach aon ach go bhfuil an teanga féin ‘ann’ (go heisinteach). Má cheapann daoine go bhfuil sí ‘ann, amuigh ansin’, go bhfuil sí neamhchoinréideach, is furasta dhóibh a cheapadh go mbeidh sí ann go deo neamhspleách ar a n-iompar féin, gur féidir leo í a shealbhú (nó a shlánú) amach anseo nó in áit éigin eile. Ach is ní sóisialta agus labhartha eisint teanga. Saobhchiall ghaolmhar is ea míorúilt litríocht Ghaeilge na fichiú haoise a ionadú ar eisint shóisialta labhartha teanga; leithéid ‘tá lear úrscéalta á bhfoilsíú, tá an teanga slán’. Airí an donais scaití daoine a bheith ag díriú ar úrscéalta. Ar an gcaoi chéanna, tá dul amú ar dhaoine a cheapanns go dtiocfaidh na gasúir óga suas le caighdeán na nglúinte traidisiúnta. Feabhsóidh cuid acu, a bhuí do dhúthracht múinteoirí is a leithéidí go minic, cuid eile a rachas chun donachta, ach nuair atá an meán ar fad lag níl aon duine ann le breith air ag an meán. Cé leis a dtiocfaidís suas? Cé a chuideos leo teacht suas? Má tá an meán siar ag 4 bliana, beidh sé siar ag 14 bliana. Siod dátheangachas mionteanga, .i. mionteangachas. Ní hionann is sealbhóir lag Fraincise atá in ann dul don Fhrainc is breith ar an meán ard atá ansin.

Fágfaidh easpaí ionchuir, fágfaidh siad mionfhóneolaíocht, mionchomhréir is mionfhoclóir i gcumas gníomhach agus fulangach na n-óg a tógtar i saol nua-aoiseach neamhchríochaithe. (Cp. Ó hIfearnáin 2008: 126.) Is minic nach dtuigeann dream óg na Gaeltachta an Ghaeilge thraidisiúnta, m. sh., chonaic mé cásanna nár tuigeadh *Fada lib go ...* (cailín c. 15 d'aois a rugadh c. 1985), *Cáideó ... ?* (buachaill c. 15 d'aois a rugadh c. 1990), *t'athair* (buachaill a rugadh i 2000 a dúirt liom i 2008: *Céard é 't'athair'?* Mhínigh mé dhó. *Ó! mo athair* a deir sé). Féach *lochán, sioc, leac oighir* thuas (§8). Léiriú eile é seo ar laghad an ionchuir. Tá loighic sa bhfáinne: mara bplé, mara labhaire an seandream leat, ní thuigfidh tú an seandream. Is dóigh liom go bhfuil tionchar tábhachtach síceolaíoch chun an chomhshamhlaithe ag deacrachtaí den tsórt ar dhearcadh cainteoirí. B'fhéidir fiú go bhfuil a míchompórd le haireachtáil i socra a mbéil (is é sin a laghad a chorraíonn a mbéil) le linn na cainte agus in aontuineacht a n-urlabhra. Is pointe mór é an mhíthuiscint seo in aghaidh theoiric an dátheangachais liobráligh (m.sh. Martin-Jones agus Romaine 1986) a mhaíonn gur baill iomlána iad na cainteoirí óga laga seo ina bpobal.

Tarlaíonn sé freisin nach dtuigeann an seandream an dream óg. Chonaic mé, i 2008, triúr fásta nár thuig caint gasúir óig (5 bliana) as Ros Muc (Gaeilge sa mbaile) a dúirt *'Rá tú le mo Mhamáí ... ?'* (= 'An ndéarfadh tú le ...', .i. 'An bhfiafróidh tú de ...'; *rá* = fréamh rialta *abair* cloiste agam ón bpáiste ó 3 bliana d'aois ar aghaidh; thuig beirt fhásta mar *'An raibh ...'* é). Fógra rabhaidh don sochtheangeolaí teip na tuisceana idir cainteoirí aon phobail teanga, teip an phobail mar phobal teanga a chomharthaíonn sé. Siod é 'bás an phobail' na socheolaithe nua-aoiseacha, nó gné de.

Is díláithreoir mionchultúir agus mionteanga é an leibhéal ard agus an úsáid fhulangach teilifíse, físmheán agus meán eile mar iad, atá coitianta inniu. Nuair atá leibhéal an chomhrá díláithrithe go mór ag na meáin agus an méid comhrá féin a cloistear breac le códmhalartú, ní leor an t-ionchur le aschur a sholáthar atá baol air i ngoireacht don chaint thraidisiúnta. Cuimhnimis, go neamhbhalbh agus gan searbas, gur *babies* iad na páistí seo, go bhfuil siad *cute* ón lá a bhfeiceann an chéad *nurse* iad, go mbíonn siad dhá bhfeed-áil as *bottle* agus iad ag *crawl*-áil ón *gcot* isteach sa *playroom* chuig a gcuid *toys* san áit a mbeidh siad ina dhiaidh sin ag spraoi *games*, ag *hide*-áil is ag *pretend*-áil. Faraor, is féidir nath gonta na nuatheicneolaíochta Béarla a chur in oiriúint anseo: GIGO

(‘garbage in, garbage out’). An rud a chluinfeas an páiste (go han-mhínic), déarfadh an páiste. Nó i nGaeilge, d’fhéadfaí GIGA a thabhairt air (‘gibiris isteach, gibiris amach’), ó thaobh an tionchair dhiúltaigh atá aige ar sheachadadh na Gaeilge traidisiúnta. Bíonn claonadh róchoitianta brí an fheiniméin a leagan ar an nglúin óg féin ach tá muintir neamhghníomhach fhulangach chódmhalartach ina mbunsraith dá bhfuil ag titim amach.

An teanga baile bunchloch na pleanála teanga (mar a deir Fishman go rímhínic). Tá an bhunchloch sin féin ag lobhadh fúinn agus ní miste a mheabhrú a ghéarchéimí is atá an fhadhb dhomhanda seo an tsealbhaithe do mhionteangacha. Níl ‘Gaeilge sa mbaile’ ann go hiondúil ach ‘Gaeilge (ach gan mórán cainte ná comhrá, nó níos lú ná Béarla na teilifíse, srl.), sa mbaile.’ Tá an scafall ba ghá don mhionteanga lofa, foirgthe leis an mórtheanga a bhfuil scafall domhanda fúithi. Don teanga thraidisiúnta, ba é an tógáil teaghlaigh an scafall (insealbhú) agus an pobal an díon (sóisialú) insa saol traidisiúnta.

Tá baint nach beag ag cúrsaí iompair inscith le laghad an ionchuir thraidisiúnta don seachadadh. Go hachomair simplithe, tá mná an-tugtha don chódmhalartú is don teilifís agus tá fir as láthair ag obair (sa nGalltacht go minic) nó an-tostach nó eascaíní Béarla idir gach re focal Gaeilge acu nó dea-chainteach, magúil, leathfhoclach, iompar ar doiligh do chainteoir lag óg rathú air! Ach is iad na mná is gníomhaí ar son na teanga sa bpobal is tá cuid de na fir roinnt Gaelach ina n-iompar i gcúrsaí spóirt (CLG = Cumann Lúthchleas Gael ag beagán acu, Cumann Lúthchleas Gall-Ghael ag cuid eile agus Cumann Lúthchleas Gall ag cuid eile acu).

Tá an capall roimh an gcarr, nó roinnt d’fhallás an déachais ar dhaoine a luíonn an iomarca ar thábhacht an tríú leibhéil le bearnaí a líonadh sa sealbhú bunaidh; mar shampla, le hardréim sa mionteanga a sholáthar agus a mhúineadh. I gcomhthéacs mionshochaí mhionteangaithe is ardréim an bhunréim fheidhmeach (mar a bhíodh). Tá dallamullóg den dul céanna, ach an bealach eile timpeall ar shlí, orthu siúd a cheapann gur breá an rud na cainteoirí óga dé-stíleacha. Stíl amháin ina códmhalartú, stíl eile ina stíl ard ach nach bhfuil i ngoireacht ar bith do ‘chaint na ndaoine’ na glúine rompu agus a úsáidfear i gcorragallamh raidió, ab ea?


Le cainteoirí a chruthú atá inchurtha leis an nglúin a chuaigh rompu, mar shampla, le cainteoir a chothú, abraimis i 2007 a bheadh inchomparáid le glúin 1957, de bharr

ilghalldú an domhain, theastódh tógáil níos Gaeilí i 2007. Contrárthacht eile nó fírinne an s-chuair, rud a pléitear sa gcéad alt eile thíos.

9 An s-chuar; domhandú nó díothú

Tá an tuiscint chainníoch i gceartlár na socheolaíochta. Tá léiriú nach beag ar an mbitheolaíocht agus ar an tsocheolaíocht araon le fáil san s-chuar, foirm a bhechtaíonn forbairt agus meath in go leor sistéimí nádúrtha. Tá sé tábhachtach le linn athraithe go dtuigfí ar athrú s-chuar é agus más ea cén áit a bhfuiltear ar an s-chuar. Hipitéisim go bhfuil foirm an s-chuair ar dhinimic an athraithe ón nGaeilge thraidisiúnta agus forbairt na Gaeilge iarthraidisiúnta (ón nGaeilge neamhthraidisiúnta go dtí an Ghaeilge laghdaithe). Tá an buille faoi thuairim seo léirithe i nGraf 2 (laghdú san ionchur traidisiúnta ina leathcheann ag an laghdú san acmhainn trí na glúinte; de réir Uí Churnáin 2007b).

Graf 2. S-chuar hipitéiseach na Gaeilge iarthraidisiúnta



Léiríonn Graf 2 go gcreidim go bhfuil gaol díreach ag an méid den Ghaeilge thraidisiúnta atá á ionchur agus á ionghlacadh ag sealbhóir ('ionchur hipitéiseach') leis an acmhainn teanga a bheas aige nó aici ('acmhainn hipitéiseach'). Léirim an péire leis an s-chuar

céanna: go bhfuil acmhainn cainteoirí agus an méid Gaeilge thraidisiúnta a shealbhaíonn siad ag laghdú go tubaisteach go háirithe ó na seachtóidí.

Más ag caint ar ilghnéitheacht chultúir (na cruinne) é, de réir mar a théann duine i dtreo an chomhchultúraithe is ea:

is mó a tuigtear an caillteanas

is lú a bhfuil insábháilte

is deacra sin a shábháil; is é sin is deacra a dhul in éadan na haille, in aghaidh aird an s-chuair.

Tá s-chuar mheath na gceantar Gaeltachta léirithe go paiteanta ag Ó Giollagáin, Mac Donnacha agus a bhfoireann sa *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch* (Ó Giollagáin et al. 2007: 96, Léaráid 3.3). Ní huimhreacha loma atá i gceist ach coibhneas céatadán sa ngrúpa. Is féidir tairseach a thabhairt ar an áit a dtagann athrú tobann san s-chuar (m.sh., ag 80% in Graf 2 thuas, nó thart ar 70% de chainteoirí laethúla Gaeilge (is os a chionn) le sainiú i gCatagóir A, na ceantair is láidre Gaeilge (Ó Giollagáin et al. 2007: 98)). Ní mór do cheantar fanacht os cionn na tairsí sula dtitfidh sé le fána an s-chuair. Tá glúinte óga na Gaeltachta imithe thar an bhfána seo. Tá an bád fágtha an caladh — an bhreac-Ghaeilge a marbhshruth. Athbheochan feasta a bheas i gceist sna ceantair uile Ghaeltachta, ní tacú seachadta mar a bhí i gceist sa bhFíor-Ghaeltacht roimhe seo. Maidir le Scéim Labhairt na Gaeilge de, ní inniu ná inné a fríothadh locht air; (i gCatagóir A:) faigheann tuairim is leath dá bhfaigheann an deontas, faigheann siad Gaeilge ón scoil (is ón sóisialú seachtheaghlach), agus an leath eile tá Gaeilge ón mbaile acu (cp. Ó Bróithe 2008) ach tá an caighdeán ag formhór an dá dhreama ar leibhéal an deontais laghdaithe mar a cuirtear i bhfeidhm fiche bliain ó shin é dar liom. Is geall le cluiche tomhais focal ('charades') don óige dhí-Ghaelaithe Gaeltachta, agus do go leor Éireannach, cúis na Gaeilge. Agus tá an focal amuigh; níl aon éadach ar an impire feasta.

Nuair a cuirtear dhá s-chuar chontrártha os cionn a chéile agus comhchoibhneas diúltach eatarthu, faightear x-chuar. Is dóichí go mbeadh s-chuar raon an Bhéarla ina chomhchoibhneas diúltach le s-chuar raon na Gaeilge traidisiúnta. Tá macasamhail an x-chuair nochtaithe sa *Staidéar cuimsitheach* (Ó Giollagáin et al. 2007: 349, Léaráid 16.2) faoi thacaíocht mhorálta don Ghaeilge agus tiomantas pearsanta nó riachtanais don Bhéarla; briathar vs. beart, más maith leat: éileamh suas → tacaíocht síos.

Tríd is tríd, mar sin, is léir go dtéann leibhéal tacaíochta na ndaoine óga i laghad de réir mar a éilítear tacaíocht uathu do ráitis a éilíonn tiomantas pearsanta uathu féin. Feictear an laghdú dá réir sin sna ráitis a éilíonn a gcuid tacaíochta do sheasamh polasaí a chothaíonn coimhlint idir leas na Gaeilge nó na Gaeltachta agus prionsabail nó riachtanais éigin eile. Is soiléir freisin, áfach, go bhfuil go leor acu nach mbraitheann ábalta aontú nó easaontú le cuid de na ráitis atá i gceist, rud a thabharfadh le fios nach bhfuil a ndóthain tuisceana/eolais acu ar na ceisteanna seo leis na himpleachtaí a eascraíonn as cuid de na ráitis dóibh féin, don Ghaeilge agus don Ghaeltacht a mheas. (Ó Giollagáin et al. 2007: 351)

Ach mo léan, más beag de shuim leatsa an cogadh, ní beag de shuim leis an gcogadh thú. B'fhéidir go ndéanfaí staidéar stairiúil ar Éirinn ar fad is go léireofaí an raibh athrú s-chuair san aistriú teanga innti. Is dóichí go bhfuil an domhan ar fad ar s-chuar mheath na dteangacha. B'fhéidir gur gá c. 75% de phobal teanga a bheith aonteangach inti nó imeoidh siad thar an s-chuar. B'fhéidir go bhfuil gaol ag an s-chuar leis an gcaoi a ndéanann duine aonair insealbhú teanga agus gur féidir linn muid féin a shuíomh air. Is maith an sainmhíniú é ar shláinte eitneach. Tá dinimic an s-chuair bhorrtha go láidir faoin mBéarla domhandaithe. Tá an Béarla ag bailiú nirt chuige féin ina chnap sneachta ag dul anuas fána cnoic. Tá na mionteangacha ag leá mar a bheadh cnap oighir (faoin téamh domhanda), agus na sruthláin ar an oighear dá leá níos tréine. Beidh saol (cultúrtha nó intleachtúil nó caitheamh aimsire nó eacnamúil) cúng díbheo ag (cainteoirí) teanga dhíbheo. Leimhe an mhionlaigh de bharr leithne an mhóraithe. An tionsclaíocht chomhaimseartha agus an teicneolaíocht chomhaimseartha is ionann mana dhóibh agus dá dteanga(cha): domhandaigh nó básaigh (cp. §6).

Ní mór *dhá* chóip de ghéinte cúlaitheacha a bheith láithreach san aigéad ribeanúicléasach ('DNA') lena n-éifeacht a imirt. Ní mór, b'fhéidir, dhá dhícheall a chaitheamh le sealbhú mionteanga comhaimseartha chun toradh sásúil a fháil. Cúis nó athbheochan na teanga a thuganns muid ar an iarracht sin. Ar chlúdach deannaigh leabhar úd Fishman (1991) *Reversing Language Shift*, tá cóip de phictiúr péinteáilte de bhád iomartha is na hiomróirí ag iomramh suas fága farraigí arda. Is geall le fága nó eas an s-chuar. Táthar ag snámh in aghaidh easa, ach táthar fós ag snámh! Agus ní mór don chriú tarraingt le chéile; agus más ann do dhá bhád (T1 agus T2), iad a dhul sa treo céanna. Is geall bás teanga i bpobal le titim le fána aille airde le cladach na farraige. Thit muintir na hÉireann le fána ach gur chuir an Athbheochan paraisiút orthu is mhoilligh sin go mór an

titim, fiú is gur thug an paraisiút sin crochadh aníos dúinn ar uairibh. Anois is muid ag teannadh le farraige bháite, is é an tearmann teanga ár mbád.

10 Maidhm na meán cumarsáide

Is mór i gceist bealaí agus bacanna cumarsáide sa gcanúineolaíocht: cnoic agus farraigí agus bóithrí agus báid. Tá bealaí breise cumarsáide anois ann, na meáin chumarsáide leictreonacha. I sárleabhar Tanner (2004) *The Last of the Celts* admhaíonn duine de na mná is Gaelaí i gConamara, bean de Mháilleach as Ros Muc, gur Béarlóir duine de chlann a clainne in ainneoin go bhfuil sé dhá thógáil le Gaeilge (Tanner 2004: 101). Tá eolas pearsanta agamsa ar an mbuachaill seo agus tá an teip seachadta teanga agus cultúir seo feicthe le mo dhá shúil féin agam i neart teaghlach Gaelach. ‘Fainic!’ a deir Fishman linn. Níl ag éirí leis an dream is tiomanta an rud is bunúsaí a bhaint amach. Tá feasacht ard teanga ag na Gaeil seo. Tá ag dul dá ndícheall a dteanga a thabhairt dá gclann nó do chlann a gclainne. Deir an Máilleach mná le Tanner gurb é an teilifís is ciontaí (luann sí an scoil ghalldaithe freisin). Deir neart eile de mhuintir Ghaelach na mBéarlóirí óga seo, na comhshamhlaitheoirí ‘spontánacha’ seo, deir a muintir an rud céanna liom féin ‘an iomarca *television*’ is ciontaí leo. Ní spórt do lucht féachana atá i sóisialú teanga-shealbhaíoch, nó níor cheart gurbh ea, ach is ea is cosúil ag cúrsaí mórtheanga meánaithe é. Is é an teilifís máthair teanga na ngasúr seo. Tá foghraíocht shuntasach nó blas agus foclóir suntasach Bhéarla Státaí Mheiriceá ag cuid acu. Ní corrfhuaim ná corrfhocal ach go córasach, chomh láidir agus dá mbeadh páirt mhaith dá saol óg caite thall acu. Tá sin cinnte, ní ag ársaí téamaí atáim. Tá sé cloiste le mo dhá chluais féin agam. Tá mo bhreith fhoghar-thraenáilte iontaofa. Tuige nach múchann a muintir an teilifíseán, a déarfadh an díograiseoir? Faoin am a bhfaigheann roinnt tuismitheoirí amach é bíonn an phraiseach ar fud na méise orthu mar bíonn an Béarla á spalpadh chucu ag a gclann. Gasúir eile atá ag Gaeilgeoireacht ach a n-aithníonn a muintir orthu gur breac-Ghaeilgeoirí iad, tá sé soiléir dóibh go bhfuil páirt mhór ag an teilifís sa mbreacadh. Tuige nach múchann siad é nó a laghdú? Is é mo bharúil, go hachomair, gur doiligh d’eitniúlacht nó do chultúr fulangach, siamsaíoch, ceadaitheach, iarthalmhaíoch, nua-aoiseach an teilifís a mhúchadh, ar páirt fhíorlárnach í an teilifís chéanna den chultúr sin. Ceist leanúnachais Gaeilge a labhairt le do chlann, níor phleanáil do mhuintir féin d’insealbhú féin ar an nGaeilge (seachas í a

labhairt), ach ba chéim folúsaithe agus réabhlóide an teilifís a mhúchadh ar do chlann i ngeall ar chúrsaí teanga. Níor mheall an *Detroit Free Press* ach 5 theaghlach as 120 ar thairgeadar \$500 dhóibh sa mbliain 1977 le héirí as an teilifís ar feadh míosa (Putnam 2000: 240).

Ní inniu ná inné a bhí éifeacht athraithe ag an tsiamsaíocht ar an teanga. Deirtear gur scaip fuaimniú *r* Phárais (*r* na sine siain, amhail fuaim i ngiorracht do *ch* leathan na Gaeilge), gur scaip sé ar dtús ar stáitsí na hEorpa ón seachtú céad déag ar aghaidh. Tá stáitse de scáileán anois ann, i ngach seomra tí ionann's. Ach is dóch liom gur mhór ab fhiú tabhairt faoi thionchar na teilifíse ar mhionteanga a thomhais i gcás-staidéir shochtheangeolaíocha. Is minic go séanann sochtheangeolaithe (ar cainteoirí mórtéangacha iad) tábhacht thionchar na meán ar chanúintí. Bíonn an port seo gan cruthú taighde go háititheach ag Chambers (m. sh., 1998). Ach tacaíonn na staidéir atá feicthe agamsa le hardú ar a dtionchar de réir ardú tréine a n-úsáide (Carvalho (2004) i Meiriceá Theas; Stuart-Smith et al. (2007) agus Stuart-Smith (2008) in Albain). Feicim an dream atá dhá dtógáil le Gaeilge, ach gurb iad is lú Gaeilge dár casadh orm, go bhfuil teilifíseán sa seomra codlata acu. Is iad an dream atá i gceannas ar shóisialú gasúr trí mheán na teilifíse, muintir na ngasúr, atá ag déanamh tomhaltóirí táirgí cultúrtha domhanda dhíobh. Tá ról sóisialaithe na ngasúr á thréigean ag a muintir agus acmhainn na máthairteanga coilínithe ag na meáin. Cailleadh teangacha cheana ach níor cailleadh ar an gcaoi dhlúthchaidrimh mheánaithe seo iad.

Ach is minic nach bhfeiceann daoine an meath ar a dteaghlach féin, an leath-theip seachadta idirghlúinigh. Ní hiontas sin, fiú is go raibh dul amú beag ar Dorian (1983: 159), an saineolaí ar leathchainteoirí, nuair a mhaígh sí nach féidir leathchainteoirí a aithint go mbíonn sé ródheireanach (le meath a chosc). Tá sé ina dheilín ag daoine go mbíonn Gaeilge bhreá ag a gclann óg nó go dtéann siad ar scoil is go loiteann na Béarlóirí ansin na Gaeil óga. Mar a bheadh an bonn ceart curtha faoina sealbhú is go dteastaíonn tosú tógáil air sa scoil. Ach de bharr na mBéarlóirí sa gcomhthéacs dátheangach, ní tógtar ar an mbonn, dar leo. Is cinnte go dtarlaíonn seo is go bhfuil sé antábhachtach ach ní hé iomlán an scéil é. Ní raibh aon chomhrá ar bun i mBéarla i scoil náisiúnta Mhaínse i 1998 (tá anois), ach mar a dúirt mé thuas (§5) bhí an Ghaeilge neamhthraidisiúnta ag teacht chun cinn go láidir ann. (*Breathnaigh ar an spider!* mar

shampla). Ní raibh an bonn a mbeadh súil leis faoi Ghaeilge na ngasúr seo – cp. Ó Curnáin (2007a: 2174-6). Míniú ar chás sin Mhaínse i 1996 in dhá fhocal: tionchar na teilifíse sa teaghlach agus sa tsochaí agus tionchar an chódmhalartaithe. (Is é a fhearacht sin ag breac-Dyirbal na n-óg é (Schmidt 1985)). Bhí an t-aos óg sin de bhundúchas na hAstráile ag labhairt na teanga dúchais le chéile).⁸ Cruthú eile nach iad Béarlóirí na scoile bunchúis na breac-Ghaeilge, leithéidí na gcainteoirí deireanacha Gaeilge ar an Achréidh in oirthear na Gaillimhe. Bhí neart Béarla ag comrádaithe Thomáis Uí Cheallaigh, as Baile an Phoill, i mbunscoil an Chaisleáin Ghearr, mar shampla. Ach ní breac-Ghaeilge a shealbhaigh sé. Bhí raidhse Gaeilge ar theallach a thí ón seandream, aird aige orthu is ciall acu dhó.

Glactar leis go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis na meáin Ghaeilge agus is amhlaidh sin do gach mionteanga. Chuidigh láithreach na meán a deirtear le nach bhfuil an ‘baladh bréan’ ar an nGaeilge a bhíodh uirthi roimhe seo. Má tá an dearfach sin fíor fëin bimis réalaíoch. Nach bhfuil TG4 deich mbliana ar an bhfód ach titim thréan á léiriú sa tréimhse chéanna ar iompar Gaeilge na n-óg de réir an *Staidéir chuimsithigh* (Ó Giollagáin et al. 2007). An bhfuil aon chruthú ann gur athraigh TG4 iompar teanga na Gaeltachta go dearfach? Má tá an baladh bréan (dar theideal *Fadó Fadó*) imithe di, níl cruthú ach an oiread cén chabhair di an cumhrán faiseanta (dar teideal *Fad an Lae Amáraigh*). (Malairt siombaile cheal malairt cumhachta, §4.)

Tá na fuaim-mheáin, na fismheáin is an teileachumarsáid fite fuaite i ngach gné den tsaol anois. Ar an ríomhphost a sheolfas mise an t-alt seo chun bealaigh is mé á scríobh i Ros Muc. I mbliana (2008) bhí dhá mhórhaispeántas spóirt idirnáisiúnta a tharraing suntas mhuintir na hÉireann: Corn na hEorpa sa sacar (i stáideanna san Ostair agus sa nGearmáin) agus na Cluichí Oilimpeacha (i mBeijing na Síne). Bhí reáchtáil agus cur i láthair na n-ócáidí sin thar a bheith sofaisticiúil, dea-eagraithe. Chuidigh il-láithreach an Bhéarla leis sin. Fógraítí i mBéarla don slua: mar shampla sa sacar, nuair a bhí an Ostair ag imirt in aghaidh na Gearmáine i Vín na hOstaire, fógraíodh na scóranna i mBéarla. Más aon bhaile mór amháin an domhan anois is Béarla a labhrann muintir an bhaile le chéile. Nach aoibhinn Dia dhúinne go bhfuil Béarla againn? Féach May (2008: 198-235 go háirithe) agus Phillipson (2007) do phlé mionchúiseach meáite ar an gclaochlú atá an

Béarla a chur ar theanga-dhreach an domhain — an rása ‘now’-aoiseach go tóin an Bhéarla.

11 ‘I hate Irish’, dochar agus sochar

Feicim gasúir eile a tógtar le Gaeilge ach a bhfuil bac foghlama nó oideachasúil éigin orthu, feicim cuid acu nach labhrann Gaeilge dubh ná dath. Deir ceann de na Béarlóirí óga seo, má thagann brú (soiléir) air Gaeilge a labhairt, ‘I hate Irish.’ Tuige an ndéarfadh, faoin teanga a labhair a mháthair leis nó gur chinn uirthi? Arís go hachomair, baineann diúltú síceolaíoch don mhionteanga le feidhm na mionteanga, le reacht eacnamaíoch an dochair agus an tsochair. Má tá ganntan éigin ar acmhainní sealbhaithe duine go háirithe, is dhá leas úsáid chiallmhar thíosach a bhaint as na hacmhainní ganna sin leis na buntáistí is mó a bhaint amach. I gcomhthéacs na ngasúr seo, déanaim amach gurb í an mhórtheanga an úsáid is barainní nó is eacnamaí. Ní hiontas dóibh doichead a bheith acu roimh bhrú ar iompar caifeach, neamheacnamaíoch, neamhbhuntaísteach maidir lena n-acmhainní. Ag leibhéal na córa agus an ghnáthchainteora óig, níl sé loighiciúil a bheith ag súil go labharfaidís mionteanga nuair atá an deis insealbhaithe ceilte orthu sa tréimhse chriticiúil agus nuair atá formhór an chaipitil shiombalaigh i ndomhan na mórtheanga.

Ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal domhanda tá reacht na heacnamaíochta fíorláidir. Dhá mhéad dátheangachas dhá bhfuil ann, is amhlaidh is lú a theastaíonn an mhionteanga. Dhá mhéad rogha idirchultúrtha dhá bhfuil ann, is amhlaidh is lú a sheasfas an mionchultúr.

12 Mama agus Deaide, mo phleanálaithe teanga

Nuair a cuirtear céatadán ard na nGall san áireamh san aoisghrúpa óg i ngach Gaeltacht, agus an sóisialú measctha díchríochaithe, fágann sin go bhfuil tógáil Gael óg i nGaeltacht an lae inniu ionann is dodhéanta. Feicim dhá mhionlach a n-éiríonn leo gasúir óga a thógáil atá inchomparáid go teangeolaíoch leis an nglúin a tháinig rompu nó nach bhfuil an bhearna fíorshuntasach, .i. áit a bhfuil cothromaíocht éigin i seachadadh teanga. Sin corrtheaghlach atá fós gréasánach, cainteach, tíriúil, daonna (más ceadmhach sin a rá, seachas teicneolaithe) agus corrtheaghlach dúthrechtach a bhfuil ról an phleanálaí teanga

lánaimseartha glactha ag na tuismitheoirí. Na teaghlaigh is fearr a n-éiríonn leo i mo thaithíse, tá an dá bhua acu: leanúnachas gréasán Gaelach agus pleanáil Ghaelach. Leis an tógáil fheasach Ghaelach ar an gcuid is fearr, beidh cainteoirí dúchais Gaeilge ann, ar an gcuid is measa de, beid ar na cainteoirí is fearr Gaeilge dá líne.

Is mar seo a fheidhmíonnns díograiseoir de phleanálaí teanga tuismitheora: bunpharaidím an ghobadáin mhionteangaigh na céille ceannaithe, nó moladh Fishman, a leanacht — buntáistí a léiriú le teorannú. Le mionteanga a shlánú i saol roghanna, roghnaíonn tú teorannacha (agus dá bhrí sin míbhuntáistí dosheachanta). Siod Straitéis 3 ‘deighilt’ a luadh thuas (§5). Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal. Is féidir an ghnáth-thógáil a chur i gcontrárthacht le tógáil theangasprioctha:

| | Gnáth-thógáil | Tógáil phleanálach |
|---|---------------|--------------------|
| a | ± Cumarsáid | + Cumarsáid |
| b | Ceadaitheach | Fálta |
| c | Fulangach | Gníomhach |
| d | Feidhmeach | Cultúrtha |
| e | Neodrach | Mínitheach |

Insa tógáil phleanálach seo, mar shampla, ciallaíonn

- a) go dtógtar gach deis chiallmhar le cumarsáid bhisiúil a dhéanamh i gclann agus i ngach timpeallacht; go bhfuil pleanáil stádais agus corpais ar bun; tá deis cleachtaidh, mar atá ceannas na cainte agus an chomhrá a bheith ag an bpáiste, chomh tábhachtach leis an ionchur.
- b) go gcuirtear teorainn ar thionchar Béarla nó Béarlóirí (bídís beo nó sna meáin scríofa nó leictreonacha) agus fiú teorainn le tionchar breac-Ghaeilge. Glan-Ghaeilge amháin a labhairt gan códmhalartú. (Go ginearálta, ní féidir sin a dhéanamh gan foclóir Béarla-Gaeilge a cheadú). Leabhair Ghaeilge amháin a léamh go haois a mbeidh na gasúir féin inléitheoireachta. Go leor leor leabhar Gaeilge agus iad dúshlánach. Is beag dúshlán labhartha a chloisfeas siad,

caithfidh siad dúshláin a fháil as leabhair. Leabhair iontacha Gaeilge le laochra mar Gabriel Rosenstock, *Leabhar Mór an Eolais*, srl., srl., go mba fada buan iad! Tá géarghá le polasaí a chuirfeadh ar fáil níos fusa iad. Mara bhfuil do chlann ag cur ceisteanna minice faoi chiall focal is leaganacha Gaeilge (as leabhair, go háirithe, nó fiú ó na meáin) níl siad ag fáil an dúshláin is dual.

- c) go gcruthaítear go gníomhach comhthéacs cothaitheach don mhionteanga. An chumhacht a thabhairt do ghasúir páirt a ghlacadh sa nGaelachas. Mar shampla, spraoi i gcruthú focal is téarmaí ar nuálacha cultúrtha (m. sh., *quad = gluaiastín* againne). Tá a leithéid ina chaitheamh aimsire dearfach ag gach lucht mionteangacha.
- d) go mbaintear leas cultúrtha, corpartha, sóisialta, stairiúil, spraoi, srl., as an timpeallacht. (Bhí iontas ar bhuachaill óg ocht mbliana d’aois as Ros Muc nuair a dúradh leis go raibh comharsana comhaoiseacha leis *thíos sa gcladach*. Ní téití chun cladaigh ach ag fáiteall nó ag baint fheamainne, dá bhrí sin ní téitear ann anois dubh ná dath sa saol iarthuathánach.)
- e) go ndéantar an míniú cuí ar an timpeallacht agus i gcomhthéacs na mionteanga go dtugtar léirmhíniú agus foclóir don pháiste a chuideos leis an tógáil phleanálach. Insan anamlón agus armlón foclóra seo tá téarmaí mar: Gael ~ Gall le ionghrúpa agus seachghrúpa a shainiú; Gaeilge ~ breac-Ghaeilge le Gaeilge neamhthraidisiúnta a fháladh; mionteanga, mórtheanga; amhráin, paidreacha, scéalta a phlé. (Pleanáil stádais, arís).

Tríd is tríd, tá go leor dearfacha sna straitéisí seo do pháistí (agus don phobal), go háirithe má bhíonn tacaíocht ag a muintir ina n-iarrachtaí. Tá grá, meas agus smacht lárnach ann. Tá gá le tuiscintí nua-aoiseacha, frithfhillteacha ar chultúr, ar shiombalachas na féiniúlachta i saol paradacsach domhandaithe. Sa saol nua-aoiseach is togra pearsanta dá cainteoirí an mhionteanga. (Léiriú ar fhadhb nua-aoiseach an dícheannais, díphobail, is ea gurb é an duine aonair crann taca na mionteanga anois). Tá cumais, atá róshofaisticiúil, de dhíth óna leithéid de fhreagracht le go mairfeadh an togra sin i bhfad na haimsire. (Taobh amuigh d’Útóipe (shóisialach), ní thagann an fhéin-fhrithfhillteacht ach le cuid bheag den phobal; cp. Eagleton (2000: 115)). Sáraíonn leagan amach den tsórt

bunús sóisialta teanga ar aon chaoi mar go bhfuil beartas teanga mar a bheadh beartas coimín nó socrú binne ar shliabh ann – cp. Ó Riagáin (2008), Ridley (1996), Diamond (2005). Ar an gcuid is fearr, beidh siad féin agus a gclann ‘istigh’ le mionlaigh eile an domhain, beidh siad ag féachaint isteach ar an mórchultúr.

Léiríonn, mar shampla, easpa tuisceana agus ceana ar an téarma ‘Gael’ fabht don eitniúlacht sa tógáil *laissez faire* mhionteangach (i. *laissez mourir*). Agus easpa téarmaí eile mar ‘sinsear,’ ‘sliocht’ agus ‘oidhreacht.’ Tá léiriú ar chailleadh an téarma ‘Gall’ in aos óg Ghaeltacht na hAlban freisin (Stiùbhart 2006). Siod arís againn fadhb an fhéin-shainmhíthe a bhíonn ag mionlach agus a luadh thuas (§3), fadhb na féiniúlachta mionlaithe. Léiriú eile ar an bhfadhb seo a shioctha is atá tuiscintí ar an nGael agus seachaint an fhocail ‘Gall,’ fiú is go ndeirtear neamh-Ghaeilgeoirí is neamh-Ghaeltacht anois nuair is éard atá i gceist go minic ‘Gail’ agus ‘Galltacht’ (ach gur cuí téarmaí de shórt an neamh-Ghaeil scaití). Cineál de (fhéin-)mharú cultúrtha ag intleachtóirí díbirt na dtéarmaí féinchríochaithe seo. Sampla den fhéin-shainmhíniú suntasach is ea ár sloinnte a bheith i nGaeilge againn ag comharthú gur Gaeil sinn, go seasann muid don Athbheochan náisiúnta. I mo thaithí ollscoile féin is fearr i bhfad Gaeil na hÉireann ná Gaeil Alban in iompar teanga athbheochana, ach is minic a fheicim Éireannaigh acadúla ag cruthú a liobrálachais le Béarlú comhluadair i ngeall ar dhuine amháin a thuigeann Gaeilge ach nach labharfaidh í nó nach labharann go ró-mhaith í. Is den mhúineadh is cosúil géilleadh do mhímhúineadh cuid de na Gail seo.

Ach teastaíonn mar a bheadh treoirleabhar don úsáideoir ón mionteangóir (agus ón mórtheangóir i leith na mionteanga). Caibidil bhunúsach sa treoirleabhar sin is ea iompar is feachtas teanga arna chur faoin mórtheideal ‘Gael.’ Eitniúlacht dhinimiceach bhisiúil is gá. Ní leor tógáil Gaeilgeora ó dhúchas, is gá tógáil Gaeil ó dhúchas. Níl sé Gaelach a bheith síoraí ag códmhalartú, a bheith ag géilleadh don Bhéarla, a bheith ag brú Béarla ar fhoghlaimoírí cheal foighne. Cloistear Gaeilge á labhairt go Gallda ag muintir na Gaeltachta in aonturas, cheal measa uirthi. Féach go lochtaítear, go leathchladhartha, oideas na hOllscoile faoi mhic léinn a sholáthar ar dhroch-chaighdeán Gaeilge a fostaíodh ansin i TG4 (O’Connell et al. 2008). Ach ní acmhainn is mó atá ag deighilt an dream is airde caighdeán ar TG4 ón dream is ísle caighdeán ach tuiscint ar mhórtas cine Gael. Agus ní hin le rá go n-athródh cúrsa ollscoile a n-iompar, ar ndóigh. Agus ar aon chuma

nár bh é polasaí earcaithe foirne láithreoirí ar dtús, gan iad a bheith Gaelach? Teilifís na Gaeilge ag dul ó chion? Teilifís na Gall-Ghaeilge? Ros na frith-Ghaeilge? Ar ndóigh, ní gá a leithéid de threoirleabhar faoin mórtheanga don mhórtheangóir mar tá a sochar do-ráite féin aici a chiallaíonn ‘tuigfear thú, úsáid í.’

Chonaic mé an gá atá leis an treoirleabhar seo, le heitniúlacht (teanga), go minic. Bhí beirt mhalrach scoile i dteach i Ros Muc i 2008. Rugadh c. 2001 iad. Duine acu a tógadh le Gaeilge (tabharfaidh muid Réamann air), duine eile le Béarla a dtabharfaidh muid Éamann air (meascán ar ionann’s gnáthshampla de dhaonra óg Ros Muc é). Bhí Éamann ag Gaeilgeoireacht linn nó gur labhair Réamann i mBéarla leis. Dúirt mise le Réamann Gaeilge a labhairt, ná raibh Gaeilge aige (Réamann)? ‘Tá,’ arsa Réamann, ‘ach tá Béarla freisin a’m. Tá mise in ann Béarla agus Gaeilge a labhairt. Tá cead a’msa Béarla a labhairt le Éamann más maith liom.’ Tá iompar den tsórt seo tubaisteach ach is é an gnás é. Tá Réamann á thógáil le Gaeilge ach níl sé á thógáil chomh Gaelach agus go dtuigfeadh sé teorainn *inmheánach* an ionghrúpa: gur ghá don ionghrúpa é féin a shainmhíniú lena iompar Gaelach. Mhínigh mé dhó dá mbeadh chuile dhuine ag Béarlóireacht mar sin nach mbeadh Gaeilge fágtha i gConamara. Ní thuigfeadh sé: ‘Tá sé sin Gallda.’ Labhair sé Gaeilge le hÉamann, atá breá sásta deis a fháil uirthi.

Deirim easpa ceana freisin. Ní mé an bhfuil sé frith-iar-nua-aoiseach grá a bheith agat do do mhionteanga agus dá cainteoirí? Dar liom, caithfidh grá mionteanga a bheith lárnach sa mbonn mothúchán i dtógáil mionteangóirí — spreagadh grámhar, is ionann sin is eitniúlacht. Má tá grá agat do rud, ní fearr duit sin a cheilt. Tá grá agam don Ghaeilge is ní cheilim sin. Cúpla babhta, chonaic mé meas ag sean agus óg ar an ngrá sin, thar is míniú do-bhraite ar son na mionteanga. Tá mé cinnte go bhfuil mothúcháin thábhachtacha ag go leor againn, go gcastar an grá sin dúinn is go bhfuil spreagadh ag baint leis. I measc údar eile, is mar gheall go bhfuil grá ag Gaeil don Ghaeilge is ea is fearr leo (agus dóibh) Gaeilge ná aon teanga eile. Frith-iar-nua-aoiseach arís!

Ní inniu ná inné a bhí aithreacha agus máithreacha Gaeltachta agus breac-Ghaeltachta a sheas an fód go dórainneach dhá mionteanga. Tá muid, ach go háirithe, faoina gcomaoin; mar shampla, is iad a d’fhága cuid den ghlúin dheireanach Gael in Achréidh na Gaillimhe (a casadh liomsa). Ach cinneadh Gaeilge a labhairt lena gclann an t-aon chéim fheasach a bhfuil caint air go hiondúil. Ina dhiaidh sin ní pléitear feabhas na

Gaeilge sin ná fíúntas an ionchuir. Ní samhlaítear go minic gá ná riachtanas le feabhas i mionteanga.

Ach tá strus céadtach ag baint le ceist teanga a bheith ceangailte le gach gné den saol, gan faoiseamh ón gcoimhlint chultúir idir teangacha. Is féidir go lagann ar mhisneach na dtuismitheoirí Gaelacha, faoin dualgas atá orthu féin mar thuismitheoirí agus go n-airíonn siad an choimhlint ar fad gan mórán ratha ar an gcultúr. Tá an choimhlint ar a son féin, an réabhlóid ar a son féin, chomh folamh leis an teanga ar a son féin. Agus tar éis go ndéanann díograiseoirí iarracht a gclann a chosaint ar an strus, bíonn amhras orthu gur ag leagan dualgais níos troime ar a gclann a bheifear ná atá orthu féin fiú. Tá an inní seo i dtaobh bás cultúir agus an tsíorbhagairt ón tsiamsaíocht ina théama lárnach in *Athnuachan* Uí Chadhain (1995), dar liom, mar a bhfuiltear dhá marú féin le himní nó dhá marú féin ag gáirí. Tá inní den tsórt ar lucht cúise mionteangacha, go bhfuil a dteangacha á n-íobairt ar altóir chultúr na siamsaíochta síoraí do dhia beag na teilifíse is déithe gaolmhara (§10).

Níl sé éasca. Is mór an badar é (mar a luann Fishman agus mar a luaigh Gaeil An Oileáin Scítheanach leis an antraipeolaí Macdonald (1997)), ag brú in éadan aird (an s-chuair). Tá sé crua ar thuismitheoirí nuair a fheiceann siad a gcaitheann siad de dhua lena gclann a thógáil Gaelach agus a laghad a bhíonns dá bharr acu go minic. Badar mór is gur teip a dheireadh (ag sleamhnú síos an s-chuar). Feicim neart botún in iompar Gael díocasach is iad ag plé le gasúir. Cheal mínithe agus soiléire maidir le teorainneacha teanga agus nósmaireachtaí sochtheangeolaíocha, bíonn siad ag ceartú Gaeilge na ngasúr agus ag síorbhagairt orthu Gaeilge a labhairt. Bodhraíonn sé seo gasúir agus cuireann bac ar chumarsáid, agus, dá bhrí sin, cuireann gasúir in aghaidh na Gaeilge agus na muintire atá ag bagairt orthu. Ní athróidh údarás normalach buniompar ná barúil phearsanta. Mara bhfuil tearmann aonteangach de bhonn agus de dheis ag gasúir, iompar inmheánaithe acu, is doiligh smacht a chothú ar a gcuid nósmaireachtaí. Má tá sin acu agus léirmhíniú agus féinmhúinín as a n-eitniúlacht féin, is féidir tionchar síoraí an ghalldaithe a bhainistiú go dté siad i gcomhthéacs na mórtheanga, bíodh sin sa mbunscoil nó sa meánscoil (nuair a cailtear go leor acu don mhórtheanga; féach leat Ó Giollagáin san imleabhar seo).

Is é croílár an tsealbhaithe ná feidhm na cumarsáide. (Foghlaimoidh tú ceird, ní le aithris lom a dhéanamh ar gach cor i láimh an tsoir ach le haithris a dhéanamh ar a eisint fheidhmeach, ar chéimeanna feidhmeacha na ceirde. Déanann tú an rud a oibríonn). Conas botúin bhreac-Ghaeilge do chlainne a cheartú?⁹ Botúin a sheachaint chomh mór agus is féidir le neart ionchuir thraidisiúnta is tógáil aonteangach. Ach na botúin atá do-sheachanta anois, á bhfáil ó chainteoirí eile, b'fhéidir, conas a gceartú? Tá an dá mhodh ceartaithe a chloisim ag daoine mí-éifeachtach go minic: is é sin (i) a rá leis an bpáiste go bhfuil an rud a dúirt an páiste mícheart agus (ii) an rud ceart traidisiúnta a rá i ndiaidh an pháiste. Cuireann daoine an dá mhodh ag obair le chéile nó go neamhspleách. Is féidir modh na tuisceana a thabhairt ar an gcur chuige seo, arb é an gnás é, má déantar aon cheartú. Mar shampla, chuala mé an lá cheana: ‘... ceann *short*’ ag dalta agus díreach ina dhiaidh ‘gearr’ ag an múinteoir; ‘Tá muide col ceatharachaí’ ag dalta agus ‘Is col ...’ ag an múinteoir is an bhearna le líonadh ag an dalta. Ach ciallaíonn an dá mhodh seo: ‘tuigim céard a dúirt tú (ach ní maith liom an chaoi ar dhúirt tú é nó tá bealach eile agamsa lena rá).’ Ach ‘Má thuigeann tú mé, má fhaighim a bhfuil uaim as an gcumarsáid, tá m’fheidhm bainte amach agam. Cén bhadráil de chluiche rialacha gan feidhm atá ar bun ag daoine fásta? Cén fáth a bhfuil daoine fásta ag iarraidh rud a rá i mbealach dhóibh féin? Nach é an rud “ceart” an rud a tuigtear?’ a deir an páiste. (I samhail na ceirde, rinne an páiste bád a shnámhann. Tá an cheird aige nó aici). Tá an teachtaireacht atá intuighthe sa dá mhodh seo glan in aghaidh sprioc an cheartaithe. Mar sin, is é an bealach is éifeachtaí le ceartú ná gan an botún a thuiscint, léiriú gurb é an botún is ciontaí le cliseadh na cumarsáide. Is é sin modh na míthuisceana. (Níor shnámh an bád. Shuincaíl sí. Níl an cheird aige nó aici fós). Mar shampla:

‘Faighfidh [á fhuaimniú mar ‘fátha’] mise é.’ P (= páiste)

‘Céard é féin?’ nó ‘Ní thuigim thú.’ Nó a leithéid, T (= tuisimitheoir)

‘Faighfidh mise é.’ P

‘Fai gheann tú é, ab ea?’ T

‘Ní hea. Faighfidh mé é.’ P

‘Níl fhios agam céard tá tú a rá. Ab éard tá i gceist agat go bhfaighidh tú é? Ó! gheofaidh tú é, ab ea?’ T

‘Sea.’ P

‘Céard dúirt tú mar sin?’ T

‘Gheofaidh mé é.’ P

‘Tá go maith. Tuigim thú. Faigh é! Maith an buachaill / cailín.’ T

(Ceacht do P: níor oibrigh ‘faighfidh,’ d’oibrigh ‘gheofaidh’).

Na modhanna ceartaithe mí-éifeachtacha, cuireann siad (a) moill fhrithfheidhmeach chloíte ar chumarsáid a d’fheidhmigh, (b) brú ar an tuismitheoir an leagan traidisiúnta a sholáthar. Ní oibríonn siad ar an gcuid is mó. Is earráid faoi thrí mar sin ceartú a dhéanamh leis an bhfocal ceart a thabhairt uaim mar go gcomharthaím:

1. Tuigimse an leagan Béarla nó breac-Ghaeilge.
2. Déanfaidh **mise** an obair duit an leagan Gaeilge a fháil.
3. Brisfidh **mise** rithim nó sruth na cumarsáide.

Modh ceartaithe na míthuisceana, cuireann sé brú ar an bpáiste, i gcomhthéacs feidhmeach, an leagan feidhmeach (.i. traidisiúnta) a sholáthar. Oibríonn sé. Cruthaíonn sé gasúr atá déchanúnach: leagan den bhreac-Ghaeilge lena c(h)airde óga; leagan níos traidisiúnta den Ghaeilge lena t(h)uismitheoir(i). Ar ndóigh níl maith ná rath i gceartú ar bith mara bhfuil fáil ag páiste ar a dhóthain den Ghaeilge thraidisiúnta ó thús agus go leanúnach. Fágann sin gur doiligh do mhúinteoirí i gcomhthéacs scoileanna Gaeltachta fiormheasctha a leithéid a dhéanamh. In áit bagairt ná labhairt ar phionós ábhartha, m. sh., ‘labhair Gaeilge nó caillfidh tú an t-airgead scoile’ (.i. airgead Scéim Labhartha na Gaeilge), is fearr ‘labhair Gaeilge nó ní tuigfear thú’ mar theachtaireacht neamhráite na dtuismitheoirí. Teachtaireacht a tuigtear ó iompar an duine fhásta. Modh na míthuisceana, is straitéis fheidhmeach é. Deir an straitéis fheidhmeach:

1. Mínigh **thusa** thú féin.
2. Déan **thusa** do chion féin den obair le Gaeilge a shealbhú.
3. Coinnigh **thusa** sruth na cumarsáide gan briseadh.

Feicim an cur chuige seo ag obair, fiú le gasúir a tógadh sa nGalltacht le Gaeilge ach nár labhair í sa nGaeltacht féin go dtí nár ‘tuigeadh’ a gcuid Béarla. Ar an bpointe agus a ‘tuigtear’ a gcuid breac-Ghaeilge nó a gcuid Béarla (.i. iadsan ag Béarlóireacht is a muintir dhá bhfreagairt i nGaeilge), éiríonn siad as an nGaeilge arís. Deir muintir gasúr den tsórt go labharfaidh a gclann Gaeilge nuair a bheas siad níos sine. B’fhéidir go labharfadh, ach tá achar luachmhar na tréimhse criticiúla do chleachtadh a sealbhaithe á chur amú orthu. Oibríonn modh na míthuisceana fiú leis na Béarlóirí spontánacha ar thagair mé thuas dóibh (§10). ‘Níl aon Ghaeilge ag X,’ a deir comrádaithe leat faoi nó fúithi, ní labhrann aon duine acu Gaeilge leis nó léi. Ach labhair an dalta Gaeilge den chéad uair i láthair compánach nuair a chuir an té a labhair leis an dalta ina luí ar an ngasúr nár thuig an duine fásta an Béarla a bhí á labhairt leis:

‘Look at the tiny one!’

‘Céard é féin, a X?’ (Míthuisceantóir)

‘Look at the tiny one!’

‘Céard é féin? Céard tá tú a rá ... Ní thuigim thú, a X’

‘Breathnaigh ar an gceann beag bídeach!’

‘Ó! an ceann beag bídeach sin! Sea. Tá sé beigin, nach bhfuil? Meas tú ab é is lú acu?’

Le linn don duine seo a bheith ag caint le X, bhí na gasúir eile ag rá: ‘Ach ní thuigeann X Gaeilge.’ (Is é sin, chiallaíodar ‘Labhair Béarla le X!’ agus ‘Thuigeann X nach gá do X Gaeilge a labhairt.’ *Laissez faire* cloíteach.) Tá baint thábhachtach ag an bpointe seo le ciúine na nGaeilgeoirí ar pháirc Chamais i gcontrárthacht le glórtha arda na mBéarlóirí (§7). Nuair a castar Béarlóir agus Gaeilgeoir aonteangach dá chéile, iad araon déarfadh muid cúig bliana d’aois nó aon aois os a chionn má thagann sé go dtí sin, labhrann an Béarlóir is fanann an Gaeilgeoir balbh. Siod éagothroime reacht na mionteanga á léiriú arís ach a bhfuil an dearcadh liobrálach faiseanta dall uirthi go minic.

Ach nach mbeidh a fhios ag gasúir go bhfuil Béarla agat? Is é an pointe is mó go bhfuil gasúir dírithe ar fheidhm. Má tá bac ar an bhfeidhm chumarsáideach de bharr a n-iompair féin, díríonn siad ar an iompar sin is athraíonn siad é. Nó má chuireann siad an cheist, is féidir a rá leo go dtuigeann tú Béarla ach nach dtuigeann tú breac-Ghaeilge nó nach

dtuigeann tú Béarla is tú féin ag Gaeilgeoireacht. Glacann siad leis sin, go háirithe má labhrann tú glan-Ghaeilge thú féin.

Botún coitianta eile is ea leagan nó téarma na mórtheanga (Béarla) a thabhairt do ghasúir chomh maith le leagan na mionteanga (Gaeilge), fiú tugann daoine an ceann Béarla i dtosach go minic. Feicim ar bun go minic ag múinteoirí é. Mar shampla, “sin ‘hermit crab’ nó ‘faocha ghliomaigh.’” Le sochar na hiomarcachta nó fabht an dátheangachais, ní sealbhófar, ní húsáidfear ach ‘hermit crab.’ Ní bheidh sa ‘bhfaocha ghliomaigh’ ach *jeu d’esprit* (cluiche aigne) an duine fhásta. Tabhair an leagan Gaeilge amháin, mínigh i nGaeilge é más gá. Má ghéilleann an seachadóir d’ollfhráma an Bhéarla, mara bhfuil sa nGaeilge ach dromchla ar chroí an Bhéarla, tá cosa na Gaeilge nite. Leagan eile den bhotún seo is ea rud atá casta a rá i nGaeilge i dtosach agus ansin a aistriú nó a mhíniú i mBéarla. An toradh atá ar nós mar seo, nach gá aon aird a thabhairt ar an nGaeilge mar go mínítear í sa ‘bhfiorchumarsáid’ Béarla.

An botún deiridh a luafad, baineann sé le dearcadh seachránach fíor-fhorleathan na foclóireachta i leith teanga (§8). Más focla is mó atá i dteanga, ceapann daoine, is ag sealbhú focla atá gasúir, agus ní mór cuidiú leo na focla sin a shealbhú. Díríonn tuismitheoirí, cúramaithe agus oidí rómhinic ar fhocla a mhúineadh don pháiste. Tá rath an-teoranta ar an dearcadh agus ar an modh seo. Chonaic mé cúramaí nó cúntóir teanga i mbun oibre do chlár tacaíochta Gaeilge mar seo agus bréagáin capall ag an bpáiste trí bliana d’aois:

‘Agus cén t-ainm atá ar an gceann seo? Sarrach ...’

Caithfidh ciall, spéis, feidhm agus comhthéacs a bheith le cumarsáid rathúil. As cumarsáid rathúil a thagann sealbhú teanga, ní as focla gan bhrí. Tá cur chuige mar sin thuas mífheidhmeach. D’oibreodh a leithéid seo, le linn na gcapall a bhogadh, le comhoibriú leis an bpáiste, srl.:

‘Agus breathnaigh! Tá ocras ar an searrach agus tá sé ag siúl anonn go dtína mháthair, an láir. ... Diúlfaidh sé an bainne as a húth. An bhfeiceann tú an úth? ... Tálfaidh an

láir an bainne as na siní dhó má théann an searrach á diúl. Cuir thusa an searrach ag diúl! ... ’

Is é an aidhm, brí an tsaoil a bheith leis an gcuideachta. Mara bhfuil a fhios ag an bpáiste céard é ‘searrach’ tar éis na heachtra seo, beidh an cheist ‘céard é searrach?’ ar chlár oibre a shealbhaithe. Beidh leidí faighte aige agus bunús nó gréasán céille is struchtúir: ‘ainmhí a dhiúlann láir’, mar shampla.

Cruthaíonn agus cothaíonn tógáil fheasach mar atá mioninsithe agam an líon beag Gael óg atá ann. Ní mór don mhuintir a dtearmann a chosaint chomh maith agus is féidir do na Gaeil atá cruthaithe acu, is é sin smacht éigin a chur ar an ngalldú agus ar an gcoimhthiú.

13 Tearmann

Luaigh mé tearmann teanga thuas romham. Is maith an chomharsa claí maith. San eaceolaíocht, glactar leis chun críche na bith-ilghnéitheachta domhanda go dteastaíonn monaplachtaí nó aonghnéitheachtaí teoranta tíreolaíocha nó logánta. Teastaíonn tearmann tíreolaíoch ó mhionteanga mar a áitíonn frith-aistritheoirí-teanga mar Fishman agus Laponce (1987): an fód dúchais a bheith ann (leis an bhfód a sheasamh), más maith leat. Sin áit a mbeadh ceangal cointeanóideach idir teaghlach, scoil, pobal agus eacnamaíocht. Níl a leithéid ag an nGaeilge, d’óg ná sean. Níl go leor de na heagrais áitiúla dheonacha ná ghairmiúla ná stáit inacmhainn ag an dúshlán mar atá siad faoi láthair (féach an plé atá ag Máire Ní Neachtain san imleabhar seo). Níl tearmann dá leithéid sna naíonraí Gaeltachta (in ainneoin mholtaí ciallmhara Hickey (1999) agus daoine nach í agus iarracht stiúrthóirí tuineanta); is minic gur sna naíonraí sin a fhoghlaimíonn Gaeil óga Béarla. Ná níl tearmann in aon scoil (in ainneoin síorghearán, agus tuairiscí soiléire Mhic Dhonnacha et al. (2005), mar shampla). Mara mbeidh tearmann go gairid aici, tá a port seinnte mar theanga pobail. Caithfidh a pobal bheith ina bpobal tearmainn feasta. Caithfidh mórán lonnaíoch Gael a bheith in ann a gceart a éileamh in aghaidh mionlach áitiúil Gall. Ní cóir an Ghaeltacht a íobairt go frithdhaonlathach do rogha phearsanta daoine aonair gallda. Is é atá ar bun le fada anois sna Gaeltachtaí, mionlach gallda ag brú an mhóraithe Ghaelaigh thar fhána an s-chuair. Luadh tréimhse chriticiúil an tsealbhú teanga thuas (§11), nuair atá páiste an-óg ag sealbhú teanga mar theanga dhúchais. Luadh

go bhfuil an tréimhse chriticiúil ag teip. Teipeann sí go príomha mar gheall nach bhfuil teacht ag páistí ar mhais chriticiúil Gaeilge sa mbaile ná sa bpobal (§8). Ba dhóch leat nach aon leibhéal socair nó simplí ionchuir is gá leis an mais chriticiúil a shroicheadh ach go bhfuil coibhneas aige le ‘mais’ na mórtheanga. Dá mhéad mais na mórtheanga is amhlaidh is mó is gá mais nó ionchur na mionteanga, b’fhéidir. Tá mais chriticiúil mhéadaithe ag cúpla mórtheanga anois, mais ghinte dúpholl na réalteolaíochta a shloganns an solas. Ós rud é nár éirigh athbheochan áitiúil iomlán le os cionn céad bliain den Athbheochan, níl le déanamh againn ach coinneáil orainn mar atá muid agus tá muid cinnte go gcinnfidh orainn. Ba cheart a bheith réalaióch faoina laghad dóchúlachta atá ag athbheochan atá de dhíth i ngach Gaeltacht anois agus dá bhrí sin ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhunú pobal deonach pleanáilte Gael. Dá mbunófaí, mhairfeadh pobal Gaeltachta dhá scór bliain eile ar a laghad.

Cheal tearmainn thíreolaíoch, comhar gréasán an chéad rud eile ab fhearr agus atá á fheidhmiú faoi láthair ag Gaeil taobh istigh is taobh amuigh den Ghaeltacht. Tapaítear gach deis le sóisialú is gníomhú i ngréasáin fhoirmeálta is neamhfhoirmeálta Gaeilge. Cainteoirí atá uainn thar is cáipéisí (aistrithe). Dirítear ar chainteoirí agus cuirtear cáipéisí ag freastal san áit is géire a dteastaíonn siad. Is cinnte go bhfuil áiteacha níos géire ná an Bhruiséil. Dhá mbeadh oiread agus meánscoil Ghaelach i ngach Gaeltacht, ba mhór an gar é.

Tá contrárthacht shoiléir ag baint le tearmann. Leagan de seo is ea dearcadh na heactheangeolaíochta, rud a dtabharfadh dream forbartha ‘músaem’ air nó ‘páirc théamaí’ (‘theme park’). Aistríonn ‘caomhnú’ na Gaeilge ‘conservation’ agus ‘reservation’ an Bhéarla. ‘Chítear dhom gur shamhlaigh muid dháiríre chuile chaoi ach an chaoi dháiríre a gcaomhnaítear agus a ggraobhscaoiltear teanga, ar theallach, ar theallaigh, ar theallaigh an ghetto, ar theallaigh an chine ...’ a dúirt Ó Cadhain (2002: 112). Tá míroinnt dhomhanda ann: domhanchultúr nó aonchultúr ar thaobh amháin agus an t-ilteangachas ar an taobh eile; agus tá an paradacsa dhá réiteach sa saol nua-aoiseach. Níor tharla sé ariamh cheana go raibh an oiread sochaithe teangacha éagsúla ar chomhchultúr. Córas táirgthe a bhí cuibheasach neamhspleách ba bhonn do chultúir éagsúla. Maíonn an eactheangeolaíocht nach féidir leat do bhróga a fháil as an Iodáil, do gheansaí a fháil as an mBangladeis, teas do thí a fháil as an Meán-Oirthear, do bhogearraí ríomhaire a fháil

as an India, do laethe saoire a chaitheamh san imigéin (áit ar dóichí ná a mhalairt gur Béarla nó mórtheanga eile a labharfar leat; ní féidir saoire ó Bhéarla féin a bheith agat!), do bhréagáin a fháil as an tSín, do shiamsaíocht laethúil a fháil as Státaí Aontaithe Mheiriceá, agus do mhionteanga eitneach a sheachadadh — gan tearmann don teanga sin. Arís ar ais, is féidir an paradacsa a thaobhú i luach na hilghnéitheachta don eactheangeolaíocht. Ach is í an ilghnéitheacht an fhadhb, an t-údar don tearmann — aonghnéitheacht (faraor) is gá le mionteanga a shlánú, le hilghnéitheacht a bheith sa domhan. Fiafraigh sin d’aon bhitheolaí nó éabhlóidí: meascán ach gan an iomarca de is gá don éabhlóid. Éabhlóidíonn ilghnéitheacht as difríochtaí i ndaonra a iompú ina ndifríochtaí idir daonraí i dtomhas an ama nó an spáis. Bíonn seachmall catagóire ar dhaoine a shíleanns gurb ionann ilghnéitheacht áitiúil agus ilghnéitheacht dhomhanda. Is ionann go fíormhinic ilghnéithiú áitiúil agus aonghnéithiú domhanda.

14 Réaltacht; tearmann, mainistir, músaem, geiteo

Ní chuireann sochaí a tionchar i mbrí ach i ngníomh, í bheith ag gníomhú. Agus is gníomhach di an uair amháin a bhfuil na haonaráin a bhaineann léi cruinn le chéile, is iad ag comhghníomhú le chéile. (Durkheim [1912¹] 2001: 313. M’aistriúchán féin).

Is fadó an lá a tuigeadh an cur chuige cosanta don mhionlach. Luíonn sé le réasún. Mar shampla simplí éifeachtach amháin, is tearmann Gaeilge atá sna coláistí samhraidh maithe. Tá cosc ar Bhéarla iontu. Na coláistí nach bhfuil an t-údarás seo iontu, cliseann siad. Ní heol dom mórán eagrais (óige) Gaeltachta a n-éiríonn leo a chur i bhfeidhm fiú nuair a thuigeann siad féin é. Aon teanga ach an Béarla polasaí fíorchiallmhar fhormhór an sceidil ag laochra Gael Raidió na Gaeltachta. Tearmann do chuid againn labhairt le seanchainteoirí maithe soilbhre. Tearmann saor ó Bhéarla atá i litríocht na hAthbheochana go sainmhínteach beagnach. Má tá planda lag leochaileach á bháthadh faoi fheartainn is á reo faoi shioc de bharr athrú aeráide tacair an téimh dhomhanda, tabharfaidh tú isteach i dtimpeallacht thacair an teach gloine é. Is ar oileán tearmainn amháin atá pobal dúchasach Haváise (teanga dhúchais Havái sa Muir Chiúin) fós ar marthain. Tá tearmainn eaceolaíocha den tsórt ag cosaint treibheanna is a dteangacha i Meiriceá Theas agus san Afraic. Tá eiseamláirí ar fónamh in Albain de thiarnaí talún a

thacaigh lena gcuid rachmais chun tearmann teanga a dhéanamh dá n-eastát. Is ar a leithéid de thearmann leathphríobháideach san Oileán Scítheanach atá an sampla is fearr, b'fhéidir, den phleanáil teanga i gcomhar le forais léinn i nGaeltacht na hAlban. Fírinne lom mhisnithe. Tuige nach bhfuil an t-aon eiseamláir seo ar fónamh á moladh is á ceiliúradh ag na sochtheangeolaithe? An luaitear é ar aon chúrsa ollscoile ná ag aon chruinniú polaitiúil ná eile?

An polasaí 'Gaeilge amháin' (cosc ar Bhéarla), fógraíodh go minic cheana é mar straitéis athbheochana. Bhí sé ar aon bhonn le polasaí polaitiúil Sinn Féin aimsir Chogadh na Saoirse agus réabhlóidithe nach iad in aghaidh na himpireachta. Ba é a n-aidhm rialaíocht an náisiúin féin a bhunú, beag beann ar rialaíocht impireachta. Mar shampla den smaoinemh i ngluaiseacht na Gaeilge, bhí faoi Phádraig Ó Conaire Gaeilge amháin a labhairt in Éirinn shaor-Ghaelach: 'Má bhí idéalachas saonta ag baint le sóisialachas Uí Chonaire, dob fhéidir an rud céanna a rá i dtaobh na scéimeanna éagsúla a mhol sé ... an scéim a bhí aige chun an Ghaeilge a chur á labhairt ar fud na hÉireann ... ní moltaí a bhí á gcur i láthair ansin aige i ndáiríre, ach aisling,' mar a deir Riggs (1994: 56, cp. 39, 43, 50). Aislingí a bhí in Athbheochan na Gaeilge agus na hEabhraise. D'éirigh leis an Eabhrais, nuair a labhair an chéad ghlúin Eabhrais amháin is nár ghlac ach léise, (i measc cúinsí eile, ar ndóigh) chuireadar polasaí Uí Chonaire is a leithéidí i bhfeidhm. (Cp. Ó Cadhain 2002: 62).

Más linn pobal Gaeilge a thabhairt slán isteach i lár na haonú aoise is fiche, teastaíonn tearmann Gaeilge uainn. Pobal iomlán Gaelach. Mara ndéanaimid sin tiocfaidh deireadh le leanúnachas pobal labhartha na Gaeilge. Tar éis dom an chéad leagan den alt seo a thabhairt ag *Léachtaí Cholm Cille*, chuir Brian Ó Catháin, eagraí na léachtaí agus eagarthóir an imleabhair seo, chuir sé breis comaoine orm nuair a thug sé an leabhar *Crannóga* le Liam Ó Sé (2000) dom. Molann Ó Sé réiteach an tearmainn tuaithe ar mhúnla pobal Aimis i Státaí Mheiriceá nó mainistir talmhaíochta na hÉireann nó ciubuts na hIosraele. Tá mé féin agus an Séach ar aon intinn, neamhspleách ar a chéile, gurb é an t-aon mheán é dár sprioc. (Tá moltaí eile ag Ó Sé i dtaobh chaiteachas an stáit a thagann go neamhspleách le moltaí an *Staidéir chuimsithigh* – Ó Giollagáin et al. (2007)).

Ní thaitníonn an moladh seo le héinne ach is é an t-aon mholadh réalaióch atá anois ann é. B'fhearr linn nach mbeadh an impleacht chrua seo an tearmainn dosheachanta as na

sonraí agus an anailís. Is deacair iar-thuathánaigh ná a sliocht fo-uirbithe a shamhlú i mainistir talmhaíochta thuata! De réir mar a dhlúthaíonn an nua-aoiseachas an domhan faoi spleáchas a chéile, go háirithe an t-imeall faoi spleáchas an láir, is amhlaidh is deacra scoitheadh ó chéile. Tá coibhneastacht an tsaoil iargúlta fearacht a bheith ag siúl an bóthar. Má tá tú ar bhóthar socair tuaithe, comrádaithe á gcastáil leat is ag siúl giotaí den bhealach leat, sibh ag beannú do chomharsana ag obair sna goirt, ní uaigneach ná fada leat do shlí. Má tá tú i d'aonar, gan comrádaí ná comharsa feadh na slí, ach carranna ag gluaiseacht thart faoi luas, is fada uaigneach an bóthar é. In ainneoin go bhfuilid níos nasctha leis an saol mór anois ná a bhí riamh, airíonn oileánaigh níos scoite amach, níos iargúlta ná riamh, agus táid ar bhealach coibhneasta, i ngeall ar dhlús agus shíorghluaiseacht na móirthíre agus na mórchathracha. Is fada pobail daoine ó eacachóras, ní speicis éagsúla seanchultúir éagsúla. Is den speiceas céanna sinn uile den chine daonna ar domhan, tá na bunrudaí céanna uainn ar fad. Ní neach intearmainn é an duine nua-aimseartha.

Déanann daoine ‘botún catagóire’ agus meascann siad réalachas an mholta le neamhphraiticiúlacht an réitigh; nó an botún gaolmhar: tuairisc a ionannú le bolscaireacht. Má dhiúltaíonn duine don tearmann, diúltaíonn sé do thodhchaí pobail leanúnaigh labhartha Gaeilge dúchais. Is dóigh liom go dtuigeann daoine é seo, ina gcroí istigh, agus go n-ionsaíonn siad smaoineamh an tearmainn, b’fhéidir de bharr droch-choinsiais, nó míréiteach mianta. Siod é an míréiteach: is mian le duine pobal Gaeilge a thabhairt slán (dá bhrí sin, tearmann) ach is mian le duine maireachtáil (dá bhrí sin, bheith insa saol nua-aoiseach). Agus fios againn ar dheacracht an réitigh, le diúltú dhó, is muide atá ag roghnú díothú na Gaeilge dár sliocht; mar a rinne ár sinsir Ghalldaithe dúinn go minic (nó mionlach dhíobh a bhrúigh an chuid eile chun Galldachta). Mholfainnse do dhaoine an choimhlint bhunaidh mianta seo a aithint agus a thuiscint. (Tá plé ag Fishman (1987) ar an gcás seo idir dhá thine Bhealtaine). Sa gcás seo, is ionann réabhlóid agus míphraiticiúlacht. An réabhlóid ba ghá ná tearmann. Is beag réabhlóid pholaitiúil le leithchéad bliain in iarthar domhain ar éirigh léi. Deir Durkheim ((1897) 2006: 330, 225) gur arm troda ag duine ina aghaidh féin fuilleach sócúlachta nua-aoisí, a shaoirse le críoch dá dhán féin a thoghadh. Molaimis agus tacaímis le haon dream a thabharfadh faoi fhéintearmannú réabhlóideach.

Leis an réiteach (inmheánach, síceolaíoch; §5) is praiticiúla ar an gcoimhlint seo a fháil is baolach go n-ionsaíonn daoine an moladh neamhphraiticiúil. Is trua go gcaitear go drochmheasúil, díspeagúil le moladh cneasta, loighiciúil. Reitric bhaothánta baoise é seo go minic. Mar shampla, as iliomad samplaí den tsórt:

Raising the ghetto walls, in the Gaeltacht or elsewhere, is no solution. ... Catastrophic predictions of the demise of the Gaeltacht must be converted from negative energy into inspiration and action. ... The catastrophists among us may well see it as the end of everything, just as their bardic forbears did four hundred years ago. Hopefully the metamorphosis will herald yet another new beginning, and a future for a language not yet lost in translation. (Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh in Nic Pháidín/ Ó Cearnaigh (2008) ix-xi).

Ó thuairisc m'ailtse caithfí mé a chomhaireamh sna 'catastrophists.' Tá comhluadar maith cailleachaí eile an uafáis agam nach filí an seachtú céad déag (ná raibh dul amú orthu faoi aistriú na cumhachta ar aon chaoi), mar atá, Ó Cadhain (1969: 40; 2002), Hindley (1990), Ó Riagáin (1992), Ó Murchú (2000), de Paor (2005, m. sh., 154-7), Ó Tuama (2008: 18), agus an iliomad staitisticeoir crua arb iad údair an *Staidéir chuimsithigh* (Ó Giollagáin et al. 2007), an t-ionchollú is deireanaí chugainn. Bímis buíoch den dream a chaith an oiread sin dua chun an fhianaise eolaíoch a chur ar ár súile. Is é scéal an ghamhna bhuí é cúl láimhe is neamhaird a thabhairt dá leithéidí. Is uafás dúinn breathnú ar bhás na Gaeltachta agus a bheith ag maireachtáil tríd. Tar éis dom an léacht úd a thabhairt i mBonn na Gearmáine (§8) thugas m'aghaidh isteach go dtí lár na cathrach ar an traein faoi thalamh. Bhí bean agus triúr gasúir óga léi ina suí taobh liom. Tá smeadar Ghearmáinise agam is thuigeas a gcaint, na malraigh ag ceartas le chéile faoi fhéiríní is faoi aird na mná. Thuigeas chomh maith a chontrártha is atá Gearmáinis na ngasúr sin (inscní, tuisil, briathra, comhréir, tuiniocht) le cás duaire na Gaeilge, nár airíos triúr óg mar sin ag Gaeilgeoireacht (inscní, tuisil, briathra, claochluithe tosaigh, comhréir, tuiniocht) le hachar maith blianta (ó 1980 tuairim's). Is uafás linne an chuid Ghallda de mhuintir Ros Muc ag Béarlóireacht lena gclann is iadsan ag brú Béarla ar ár gclann-na, ar Pháirc an Phiarsaigh soir ó Theach an Phiarsaigh, mar b'uafás linn dhá mbeadh muintir na Gréige ag Béarlóireacht le chéile sa stáid atá soir ó Acrapail na hAtaene. Cuireann diúltú na mBéarlóirí seo d'fhís an Phiarsaigh iallach ar an bpobal diúltú dá fhís. Tá mé ag

dul siar go hOileán Mhic Dara Lá Mhic Dara le os cionn deich mbliana fichead. Tugaim faoi deara an Béarla, an códmhalartú agus an bhreac-Ghaeilge ag méadú thiar ann bliain i ndiaidh bliana i bpobal scáinte na dúthaí. Bíodh is gur féidir linn go minic tuiscint do na húdair chiallmhara atá ag muintir na Gaeltachta iontú ar an mBéarla, tá muide ina dtionóntaí díshealbhaithe inár ndúthaigh féin. (Cp. Ó Cadhain 2002).

Sna seascaidí bhraith leithéidí an Chadhnaigh go rabhthas ag teannadh le fána gear an s-chuair, cé ná raibh an meafar sin acu go bhfios dom, agus réabadar ar fhéadadar. Ceann d'uafáis dháiríre an scéil ciúnas cuid mhaith de shaoithe na hÉireann faoin uafás seo. An 'suan draíochta' a thugann Ó Doibhlin (2005) ar an gciúnas seo Gael, agus tagairt aige gan aimhreas don draíocht mar iompar díphobail i gcontrárthacht le reiligiún ar pobal is bonn dó (m. sh., Durkheim 1912). Ach tá an seanphort ina shuantraí freisin. Ní dhéarfadh mé níos mó faoi sháraíocht mar atá san athfhriotal sin thuas ach nach slán an tsamhail, go dtagann meiteamorfóis an fhéileacáin as an gcriosalaid nó, mar is fearr aithne ar a macasamhail, as cocún na péiste. Tá dhá údar bitheolaíoch le craiceann: cosaint agus torthúlacht. Ach tá an mheiteamorfóis gan criosalaid ná cocún linn cheana féin, nach in í an bhreac-Ghaeilge iarthraidisiúnta.

As fearg an chloíte a thagann cuid den chantal dar liom. Is fearr an troid, an Cogadh Gael le Gael (Ó Tuama 2008: 24) nó cogadh na gceartchreidmheach, ná uaigneas balbh na firinne mar dhóigh dhe. Ní hé an chéad uair é ag mionlach troid eatarthu féin. Díláithríonn siad an fhearg atá orthu, fiú is gur de bharr díláithriú a gcultúir atá an fhearg orthu. Luaigh mé i dtosach (§1) a athráití chiorclaí is atá dioscúrsa na Gaeilge. Míríteach na ndúfhadhanna snadmacha seo ar rogha an dá dhíogha ar uairibh againn iad, is é is cúis le strae na cúise go minic. Tá tuiscint agam do pholasaí daoine nach nglacann páirt sa dioscúrsa dá bharr seo, gurb é a n-iompar laethúil ag feidhmiú insa teanga a ndioscúrsa ar a son. Ach cheal rannpháirtíochta céillí is tig an bhearna sa dioscúrsa a líonadh le díth céille. Ach mholfainnse do dhaoine admháil go cneasta, dóibh féin go háirithe, gurb é a dtuairim nach mbeadh tearmann teanga praiticiúil agus dá bhrí sin glacadh leis go bhfuil cliseadh leanúnachais an phobail nó na hAthbheochana ar dhoirt abhaile agus ansin na céimeanna praiticiúla eile is gá a mholadh a chur chun cinn. Mar a deir Fishman is féidir go leor a dhéanamh i gcónaí, seasamh (T1) nó géilleadh (T2). Fiú dá mbeadh tearmann ann ba ghá leanacht ar aghaidh chomh dian céanna le gach iarracht eile, na breac-

Ghaeltachtaí, T2, srl. Is gá moltaí lárnacha an *Staidéir chuimsithigh* (Ó Giollagáin et al. 2007)) a chur i bhfeidhm. De réir mo bharúla, ba damba sin ar thuile an Bhéarla, tacaíocht agus suaimhneas a thabharfadh spás scór bliain eile dhúinn is dóchas ansin go n-athródh bunchúinsí dhísce na Gaeilge.

Tá údar eile, údar sofaisticiúil straitéiseach, le go seachnaítear duairceas staid na Gaeilge agus na Gaeltachta a fhógairt: go bhfiortar a leithéid de dhrochscéala lena rá. Tá an baol seo ann agus caitear dá bhrí sin aon drochscéala a fhógairt ar mhaithe leis an mionteanga. Tá an baol ann leis an dearcadh seo go bhfáiltítear roimh phlé agus roimh shochtheangeolaíocht bhréagdhóchasach nó bheagmhaitheasach (mar a luadh §1) mar gheall, go dromchlach, nach bhfuil aon duine thíos lena leithéid.

Is féidir linn aontú go bhfuil gá le srian éigin a chur ar an mBéarla, nó an féidir? Ach cén tsrian atá inphraitice? Mara dtig linn aontú ar an diagnóis seo tar éis a bhfuil ráite, is an pobal teanga le broinne báis, tá ár míréiteach doréitithe. Más útóipeachas caintiú ar thearmann, is seafóideach an frithghníomh a mhaíomh gur féidir é bheith ina ghruth agus ina mheadhg againn. Ach is minic a castar an port seo, mar shampla:

Raising the ghetto walls, in the Gaeltacht or elsewhere, is no solution. ... [The Gaeltacht] must remain a source of inspiration and linguistic renewal ... while preserving and developing a living west ... is an urgent necessity for maintaining Irish-speaking communities in the heartland. (Nic Pháidín agus Ó Cearnaigh in Nic Pháidín/ Ó Cearnaigh (2008) ix-xi)

Ciallaíonn ‘preserve’ agus ‘maintain’ srian nó teorainn éigin ar an mBéarlú, an gciallaíonn? Féach freisin, leithéidí:

Tá dearcadh níos réalaíche i réim in áit na mianaidhme útópaí ... is normálta anois a bheith i do Ghaeilgeoir agus a bheith beag beann ar an chultúr a théann léi, ... gur féidir dhá thrá na Gaeilge agus an mhórchultúir a fhreastal, agus nach gá a bheith dúnta isteach ... nuair a bhuaileann fírinne gharbh a mionlachta iad, agus is lú an seans go dtabharfaidh siad cúl leis an chultúr mionlaigh. (Ó Mianáin 2008: 44-5)

Ach cén fhírinne gharbh a bhuailfeadh Gaeilgeoirí? Níl aon fhírinne gharbh ann, san argóint sin; nach bhfuiltear ag freastal ar dhá thrá? Nach bhfuiltear beag beann ar thrá na

Gaeilge ar aon chaoi? (Cibé cén chaoi ar féidir leat teanga ar bith a labhairt i gceart gan a cultúr a shealbhú. Gaeilge gan Gaeil, is cosúil). Léitear Fishman, mo chomhairle arís (m. sh., ‘best of both worlds’ Fishman 1989: 208; agus Ó Cadhain 2002: 34). Más Gall-Ghael gach iar-Ghael, má bhíonn gach duine ‘fleiscínithe’, ní mhairfidh mionteangacha. Tá go leor fiúntais le halt an Mhianánaigh (2008) agus tá a dhiagnóis chruinn, go bhfuil gá le pleanáil ghníomhach teanga (agus canúna dhá bhféadfaí) i gcláir óige TG4, in aghaidh a mhianaidhme féin: freastal ar dhá thrá, mion agus mór. Ba mhaith liom pointe eile atá aige a cheartú, atá incheartaithe óna bhfuil pléite san alt seo ar aon chaoi (§§3, 8, 9) ach atá deacair a chur ina luí. Deir an Mianánach (2008: 50): ‘níl daoine is oiriúnaí le tabhairt faoi obair mar seo ná bunadh na Gaeltachta agus bua na Gaeilge acu nach féidir a theagasc in aon chúrsa aisteoireachta ná léiriúcháin dá fheabhas.’ Taobh amuigh de roinnt seandaoine, corrdhuine meánaosta agus fíor-chorrdhuine óg eisceachtúil, níl bua na Gaeilge ag bunadh na Gaeltachta, níl cainteoirí dúchais, i gciall thraidisiúnta an fhocail sin, á gcothú le fiche bliain ach go heisceachtúil, i gConamara ar aon nós. Bíonn ‘saoire Gaeltachta’ anois ag óige na Gaeltachta nuair a théann siad ag Oireachtas Chonradh na Gaeilge, ag na deasghnátha féiltiúla (Fishman 1989: 230).¹⁰ Is faide é saoire Gaeltachta na gcoláistí samhraidh. Níl litearthacht na Gaeilge á múineadh ná á cleachtadh i bhformhór na meánscoileanna ag leibhéal an chainteora dúchais le leithchéad bliain (Mac Donnacha et al 2005; Ó hIfearnáin 2008: 121).

Ná caintítear ar ‘croícheantair’, ná ceantair láidre, tá sin róchosúil le fíor-Ghaeltacht. Níl sin ann, paráiste amháin d’fhíor-Ghaeltacht, tá ceantair laga (Catagóir B agus C i dtéarmaíocht Uí Ghiollagáin et al. (2007) agus ceantair bhreaca (Catagóir A). Bhí taom croí ag na croícheantair tá tuairim is fiche bliain ó shin ann. (Ar leibhéal eile, a bhaineann le hábhar, is iad na cathracha croícheantair an domhain, go háirithe na hollchathracha). Gan tearmann níl aon dóchas go mairfidh pobal Gaeltachta agus dá bhrí sin aon chomhthionól de chainteoirí dúchais ach tá dóchas go mairfidh an Ghaeilge mar dhara teanga. Bíonn náire ar dhaoine admháil gan Útóipe de thearmann nach bhfuil dóchas don Ghaeltacht. Cailleach uafáis thú mara bhfuil dóchas agat, dar leo. (Cp. ‘Band of Hope’ Uí Chadhain 2002: 4, 10, 48.) Tá an ceart acu siúd maidir leis an tábhacht a bhaineann le dóchas d’aon ghluaiseacht chultúrtha ní áirim réabhlóideach. Saoirse a bheith againn i leith ár gcomhthéacsa shochtheangeolaíoch in éadan daoirse na

mórtheanga is pearsantacht don dóchas, i gciall leathan na bhfocal sin. Tá faitíos orm go bhfuil bréagchompord ag baint le dóchas domsa sa gcás seo, ionann is go bhfuiltear ag súil le míorúilt mar a bheadh cultas lastais ar oileán san Aigéan Ciúin. Ní bhréagnódh dóchas ostraise an bhagairt bháis atá ar na mílte teanga. Bheadh náire ormsa dóchas a mhaíomh don Ghaeltacht. Misneach macánta atá agam go bhfuil daoine ag seasamh an fhód don Ghaeltacht, agus don Ghaeilge sa nGalltacht. Tá baint ag misneach le gníomhú. B'fhéidir gurb ionann an misneach sin agamsa is dóchas duine eile — is é an misneach an ga dóchais nó an gad dóchais dóibh. Ach is fearr liomsa an dá choincheap, misneach agus dóchas, a choimeád scartha. Nuair a deir daoine go bhfuil ‘dóchas’ acu i gcúis na Gaeilge, nó nuair a chuireann siad an cheist ar a chéile faoi bhunalt creidimh seo an dóchais, is éard is brí leis ná ‘dílseacht’ nó ‘go slánaíonn an creideamh’ nó dílseacht don chúis thú. I gcomhthéacs an anama, ar ndóigh, slánaíonn ár gcreideamh sinn, tá tógáil a gcinn againn go háirithe mar Ghaeil ghníomhacha.

Teagmhaíonn ceist na praiticiúlachta le ceist na moráltachta, go háirithe i gcás iompar aon-mhionteangach (i dtearmann teanga). Cén mhonatóireacht a déanfaí ar iompar teanga ball a leithéid de mhainistir Ghaelach? Póilíní teanga? Cé phósfaí? An bhfuil sé morálta crois na mionteanga a chur ar chlann? (‘Siod gléas duit nach sealbhóidh tú ceart; nach infheidhme fiú tar éis a sealbhaithe.’ Faoi bhís an bháis). An ceart meán cultúir mhionlaigh a dhéanamh de pháistí, teorainn a chur lena n-acmhainn? Freagraíonn iompar géilliúil fhormhór mhuintir na Gaeltachta i leith thógáil a gclainne nach ceart. Níl tuismitheoirí sásta meán (neamhthoilteanach) don mhionteanga a dhéanamh dá gclann. Níl sé morálta dóibh. Is iontach mar sin an iarracht a dhéanann go leor acu an teanga a shlánú. Níl sé morálta ach oiread oidhreacht, ná an deis í a shealbhú go bisiúil, a cheilt ar do chlann. Paradacs eile na roghanna nua-aoiseacha ach paradacs fiordhocht mar is féidir go leor gnéithe cultúrtha a roghnú nó a sheachaint, m. sh., peil Ghaelach nó sacar: an péire acu a imirt, ceann amháin acu a imirt nó *gan ceachtar acu* a imirt, ach ní féidir gan teanga éigin a labhairt.

Céard a chosnódh péire bróg? Cosaint: gardáil, cumhdach, caomhnú chomh maith le luach, praghas, cúiteamh. Tuigimid luach rud amháin nuair is gá rud eile a thabhairt suas ar a shon. Is ceist thromchúiseach é forbairt acmhainní (i bpáistí agus daoine fásta) i gcomhthéacs míbhuntáistí na mionteangacha comhaimseartha. Mara bhfuil an mhais

chriticiúil do sheachadadh na teanga ann nach baolach nach bhfuil sin ann do sheachadadh buanna cultúrtha agus intleachta (§8, 13)? Cuireann a scartha is atá tógáil go leor muiríní óna dtimpeallacht iontas orm. Is trua gan aithne ná eolas ag go leor atá faoin tuaith ar an tuaith. Tá léiriú ar a leithéid de bhearna, díláithriú nó folús sóisialta agus cumarsáide i Státaí Mheiriceá ag Putnam (2000) sa leabhar cáiliúil *Bowling alone: the collapse and revival of American community*, ar dhrochthorthaí na bearna sin agus ar mholtaí lena leigheas.

Féach gurb é an síorghéilleadh don Bhéarla a chuireann bac ar shealbhú is úsáid na Gaeilge, tá ilbhrú an Bhéarla mímhóralta dúinne. Is balbh tacaíocht mhóralta Gall. Ná dearmadaítear an féinshainmhíniú seachtrach mar is geiteo mór nó tíorántacht é saol na haon-mhótheanga. Baineann ceist na moráltachta chomh maith le ceist an phríobháideachais agus an liobrálachais. An bhfuil ceart ag gach aon a rogha teanga a labhairt? Fiú istigh ar a theallach féin? Má tá, tá na mionteangacha gan cosaint. Mar ní bhfaighidh tú comhaontas iomlán is brúfaidh fiú mionlach mórtheangach an móramh mionteangach chun na mórtheanga.

Ós ag caint ar mhóraltacht agus príobháideachas é, céard faoin ngrá comharsan? I gcomhthéacs iompar teanga de (m. sh., tógáil clainne, cleachtais teanga agus shóisialta) tá an aithris ar do chomharsa, ar do chéile comhrá, tá aithris orthu fiorthábhachtach. Arís tá an mionteangóir (gan tearmann) faoi mhíbhuntáiste. Tá a fhios ag muintir an mhótheangóra óig go ndéanfar aithris air; go ngéillfear, go nglacfar, nó go gcuirfear fáilte roimh an mBéarla. ‘Ná déan aithris ar an mBéarla! Ná déan aithris ar an mbreac-Ghaeilge! Ná bain spraoi as an dátheangachas leis an iomarca den chódmhalartú! Ná lean an treoht ná an faisean!’ a fhorálfas an Gael ar a chlann, nó dá chlann, nó a thabharfas sé le tuiscint dóibh. Teagasc atá in aghaidh nádúir theangeolaíoch, in aghaidh bhuninstinn an chosúlaithe, in aghaidh chomhar na gcomharsan, sin mara bhfuil dóthain Gael sa gcomharsanacht agus a gcaighdeán insprioctha. Is mar gheall ar a nádúrtha, ar a fheidhmí agus a chumhachtaí is atá sé teanga a úsáid le cumarsáid a dhéanamh idir daoine éagsúla atá mórtheangacha faoi mhór-rath. Go paradacsach, is gléas deighilteach mar sin an mhionteanga chomhaimseartha. Is i dtearmann amháin a gheofaí dóthain de chomhar na gcomharsan Gaelach feasta.

Marach obair na mílte ar son na Gaeilge bheadh cúrsaí i bhfad níos measa. Ath-Ghaeil go leor den slua seo ar cúis mhórtais is cheiliúrtha iad ar fhís na hAthbheochana. Is cruthú iompú Gall ina nAth-Ghaeil ar fhiúntas na hAthbheochana. Théarnaigh Gaeil agus Gaeilge go míorúilteach sa bhfichiú haois. Tá go leor a chuir agus a chuireann a muinín sa ‘gcéad ghlúin eile’; mar atá, an córas oideachais (a rinne sárobair) go háirithe i dtaobh T2. Ach tá fainic Fishmanach faoin muinín seo ar brí chladhartha di freagracht a chur ar mhionlach gan cumhacht (.i. an óige) a gcion a dhéanamh le teanga a fhoghlaim agus a athnuachan. An bhreac-Ghaeilge féin agus an sealbhú laghdaithe, is léirithe dearfacha iad in amanna ar na hiarrachtaí a déantar in aghaidh an aistriú teanga. Níl an méid sin féin teanntáis sna mílte teanga dhíbheo eile. Is dócha go bhfuil an bhearna chultúrtha níos mó idir Gaeilgeoirí óga Ghaeltacht an lae inniu agus a muintir ná a bhí idir Béarlóirí óga agus a muintir Ghaelach le linn aistriú an naoú céad déag. Is é an mhíorúilt a mhéad Gaeilge is atá acu inniu! Ba ‘Ghaelaí’ Béarlóirí an naoú céad déag. Gan bacadh le leibhéal na saothíúlachta, ach ar leibhéal na teanga, ba mhinic a bheifí in ann Béarla na hÉireann shliocht na nGael sin a aistriú go Gaeilge focal ar fhocal de bharr dul na Gaeilge a bheith air. Anois is iondúil gur féidir Gaeilge na n-óg a aistriú go Béarla focal ar fhocal de bharr dul an Bhéarla.

Nuair is léir do phobal a antoiscthí agus ba ghá a bheith lena mionteanga a shlánú ní fheadar nach bhfuil sé ródhéanach don phobal sin cosc a chur le trá an mhisnigh. Is líonta tí i gCatagóirí B agus C a aireos an t-imeallú agus an mionlú chomh mór agus nach mbeidh aon rogha acu ach féinimeallú go tearmann más leo glúin bhreise a sholáthar. Mara mbeadh tada eile san alt seo nó i ndioscúrsa is i stair athbheochan na Gaeilge ach rabhadh glan géar do mhionteangacha eile nach bhfuil chomh fada chun cinn linne, ba mhór an gar é. Bíodh truaí againn do chainteoirí fhormhór mionteangachaí an domhain nach bhfuil an tacaíocht ná na tuiscintí acu atá againne. Tar éis dom an léacht úd ar an nGaeilge laghdaithe a thabhairt ag an gComhdháil Cheilteach i 2007 (§8), tháinig roinnt Breatnach chun cainte liom ag déanamh comhbhróin liom, mar a déarfá, faoin droch-chás. Ní cheapann siad go dtarlóidh an rud céanna sa mBreatnais. Tá na Breatnaigh ag siúl ar an tanaí, bhí mé ag iarraidh a chur in iúl dóibh ach ní raibh aon mhaith dhom leo. Fiche bliain ó shin is mé i Maínis le linn dom a bheith ag léamh thuairisc Dorian (1981)

ar bhás na Gaeilge in Oirthear Chataibh in Albain, níor cheap mise ach an oiread é go dtarlódh sé le mo ló i Maínis.

Tá lán béil i dtús an ailt seo (§1): ‘réabhlóid atá inchurtha le réabhlóid reiligiúnda i saol an teaghlaigh agus an dlúthchairdis agus i saol pobail.’ Ní taisme féin na cosúlachtaí atá idir athbheochan nó gluaiseacht mionteanga agus cúrsaí creidimh:

fis ~ firic, ionghrúpa ~ seachghrúpa, adhradh na sinsear, peacadh na sinsear, ciontacht, leorhniómh, moráltacht, síorchoimhlint, fimíneacht, feitis, tótam, eisinteachas, íonacht, piúratánachas (faitíos sonas a bheith ar dhaoine eile!), útóipeachas ≈ ollsmachtachas, apacailipsis, dallamullóg, aiséirí, dóchas, dílseacht, féilte, treibh, slánú, paradacsaí, ollláithreach (gan láithreach), (féin)íobairt, féinmharú, mairtíriugh, deasghnáthas (iomarcach), cleachtas, sanctóir (ní hionann is sanatóir), díseart, tearmann, mainistir (vs. an domhan), mainistreachas, geiteo, áirc (dídean ón díle), tuamba, cultúr na leabhar, litríocht, litearthacht, fileolaíocht (philo-logos), craobhscaoileadh an tsoiscéil, béalchráifeacht, tógáil agus oideachas clainne, (ard)sagairt, firéin, cliarlathas, pobal, cumann, Aimisigh, Haisidim, Iosrael, ceast, paróisteachas, seicteachas, antoisctheacht (dá fhad ón ‘saol praiticiúil’, dá fhad ón gcuibheas, is ea is mó is gá an antoisctheacht), bí linn nó inár n-aghaidh, frithghniómh, dualgas, traidisiún, iompú, scoilteanna inmheánacha, cogadh, bás nó beatha, trionóid: tír–teanga–creideamh, grá

(Cp. Ó Doibhlin 1964; 2004; Fishman 1987; m’aistriúchán scaoilte: ‘An tsuthaine thar is an duthaine is cúis le reiligiún. Fágann sin ar thaobh an choimeádachais, an neamhghéillte, agus na doichte é maidir le buanú na gcríoch de.’ as Fishman (1989: 229) (ach ní hamhlaidh i gcónaí, m. sh., Béarlú na hÉireann as Maigh Nuad cheal ár reachta féin; agus tá údair eile le speisialtacht is osnádúrthacht teanga creidimh).)

Ní áirím cúrsaí míleata agus polaitiúla! Is cineál de réim nua creidimh iad an cultúr, an náisiúnachas, cúis mionteanga, go háirithe de bharr ‘Bhás an Chreidimh’ mar atáthar a thuar le fada: mar a mhínionns an tsocheolaíocht dúinn go háirithe, m. sh., Eagleton (2000), English (2006). Cuirim faoi d’aire nach bhfuil rud ar bith is lú le faisean an iar-nua-aoiseachais ná údarás morálta. Is fearr folús brí féin ná dogma, deir an t-iar-nua-aoiseoir linn (i ndogma a mhórtéanga). Bíodh sin mar tá, tá súil agam nár chuir an paidrín fada seo, an tseanmóir rófhada seo agus an soiscéal dúshlánach seo de réir Bhriain / Fishman an iomarca feirge ar an léitheoir caoin.¹¹

15 Leabharliosta

- Bainbridge, W. S. (2001) 'Attitudes and behaviour.' In: Mesthrie, Rajend [eag.] *Concise encyclopedia of sociolinguistics*. Oxford, 6-10.
- Bates, Elizabeth agus Goodman, Judith C. (2001) 'On the inseparability of grammar and the lexicon: evidence from acquisition.' In: Tomasello, Michael agus Bates, Elizabeth [eagí] (2001) *Language development: the essential readings*. Oxford, 134-62.
- Berry, J. W. (1997) 'Acculturation strategies.' In: Baum, A., Newman, S., Weinman, J., West, R. agus McManus, C. [eagí] (1997) *Cambridge handbook of psychology, health, and medicine*. Cambridge.
- Bourdieu, Pierre (1991) *Language and symbolic power*. Cambridge.
- Bourhis, Richard Y./ El-Geledi, Shaha/ Sachdev, Itesh (2007) 'Language, ethnicity and intergroup relations'. In: Weatherall, Ann/ Watson, Bernadette M./ Gallois, Cindy (2007) *Language, discourse & social psychology*. Hampshire agus Nua-Eabhrac, 15-50.
- Carvalho, Ana Maria (2004) 'I speak like the guys on TV: palatalization and the urbanization of Uruguayan Portuguese,' *Language Variation and Change* 16, 127-151.
- Chambers, J. K. (1998) 'TV makes people sound the same.' In: Bauer, Laurie agus Trudgill, Peter [eagí] (1998) *Language myths*. Londain, 123-31.
- Crystal, David (2000) *Language death*. Cambridge.
- Dalby, Andrew (2002) *Language in danger*. Londain.
- Dawkins, Richard (2006) *The God delusion*. Londain.
- Dennett, Daniel C. (1991) *Consciousness explained*. Londain.
- de Paor, Pádraig (2005) *Na buachaillí dána: Cathal Ó Searcaigh, Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath.
- Diamond, Jared (2005) *Collapse: how societies choose to fail or survive*. Londain.
- Dixon, R. M. W. (1997) *The rise and fall of languages*. Cambridge.
(2004) *The Jarawara language of Southern Amazonia*. Oxford.

- Dorian, Nancy (1981) *Language death: the life cycle of a Scottish Gaelic dialect*. Philadelphia.
- (1983) 'Natural second language acquisition from the perspective of the study of language death.' In: Andersen, Roger [eag.] (1983) *Pidginization and creolization as language acquisition*. Massachusetts, 158-67.
- Doyle, Aidan (2008) 'Modern Irish scholarship at home and abroad'. In: Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. [eagí] (2008) 202-11.
- Durkheim, Émile (1897¹; 2006) *On suicide*. Londain. (1897¹. *Le Suicide*.) (1912¹; 2001) *The elementary forms of religious life*. Oxford.
- Eagleton, Terry (2000) *The idea of culture*. Malden; Oxford; Victoria.
- English, Richard (2006) *Irish freedom: the history of Irish nationalism*. Oxford.
- Eysenck, Michael W. (2000) *Psychology: a student's handbook*. Hove.
- Fishman, Joshua A. (1987) *Ideology, society and language: the odyssey of Nathan Birnbaum*. Ann Arbor.
- (1989) *Language and ethnicity in minority sociolinguistic perspective*. Clevedon.
- (1991) *Reversing language shift*. Clevedon.
- Foley, William A. (1997) *Anthropological linguistics*. Oxford.
- Giddens, Anthony (1991) *Modernity and self-identity: self and society in the late modern age*. Cambridge.
- Harrison, David K. (2007) *When languages die: the extinction of the world's languages and the erosion of human knowledge*. Oxford.
- Hayden, Tom (1997) 'Dedication'. In: Hayden, Tom [eag.] (1997) *Irish Hunger: personal reflections on the legacy of the famine*. Boulder, Colorado. 7-9.
- Hickey, Tina (1999) *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath.
- Hindley, Reg (1990) *The death of the Irish language*. Londain, Nua-Eabhrac.
- Laponce, J. A. (1987) *Languages and their territories*. Toronto.
- Macdonald, Sharon (1997) *Reimagining culture: histories, identities and the Gaelic renaissance*. Oxford agus Nua-Eabhrac.
- Mac Donnacha, Seosamh/ Ní Chualáin, Fiona/ Ní Shéaghdha, Aoife/ Ní Mhainín, Treasa. (2005) *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta 2004: tuarascáil don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta*. [Baile Átha Cliath].

- Martin-Jones, Marilyn agus Romaine, Suzanne (1986) ‘Semilingualism: a half-baked theory of communicative competence,’ *Applied Linguistics* 7, 26-38.
- Marx, Karl (1995) *Capital: an abridged edition*. Oxford.
- May, Stephen (2008) *Language and minority rights: ethnicity, nationalism and the politics of language*. Nua-Eabhrac, Londain.
- McConvell, Patrick (2008) ‘Language mixing and language shift in indigeneous Australia.’ : In Simpson, J. agus Wigglesworth, G. [eagí] (2008) 237-60.
- McCloskey, James (2001) *Guthanna in éag: an mairfidh an Ghaeilge beo? / Voices silenced: has Irish a future?* Baile Átha Cliath.
- Nettle, Daniel agus Romaine, Suzanne (2000) *Vanishing voices: the extinction of the world’s languages*. Oxford.
- Nic Eoin, Máirín (2005) *Trén bhfearann breac: an diláithriú cultúir agus nualitriocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath.
- Nic Pháidín, Caoilfhionn agus Ó Cearnaigh, Seán [eagí] (2008) *A new view of the Irish language*. Baile Átha Cliath.
- Ó Bróithe, Éamann (2008) ‘Scéim Labhairt na Gaeilge – staidéar cróineolaíoch ar theaghlach faoin scéim.’ M.A. neamhfoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Ó Cadhain, Máirtín (1969) ‘*Páipéir bhána is páipéir bhreaca.*’ Baile Átha Cliath.
(1995) *Athnuachan*. Baile Átha Cliath.
(2002) *An Ghaeilge bheo — destined to pass*. Baile Átha Cliath.
- O’Connell, Eithne/ Walsh, John/ Denvir, Gearóid [eagí] (2008) *TG4@10: deich mbliana de TG4/ Ten years of TG4*. Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
- Ó Cuív, Brian (1951) *Irish dialects and Irish-speaking districts*. Baile Átha Cliath.
- Ó Curnáin, Brian (2007a) *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. Volumes I–IV. Baile Átha Cliath.
(2007b) ‘Nontraditional and reduced acquisition of Irish in the Conamara Gaeltacht.’ Páipéar a tugadh ag an XIII Comhdháil Cheilteach Idirnáisiúnta i mBonn na Gearmáine, Iúil 2007.
- (le teacht) ‘An chanúineolaíocht.’ In: Ó hÍfearnáin, Tadhg agus Ní Neachtain, Máire [eagí] (le teacht) *An tsochtheangeolaíocht: feidhm agus tuairisc*. Baile Átha Cliath.

- Ó Doibhlin, Breandán (1964) *Néal maidine agus tine oíche*. Baile Átha Cliath.
- (1998) *Gaoth an fhocail: foclóir analógach*. Baile Átha Cliath.
- (2004) *An cultúr Gaelach: cosaint na daonnachta*. Baile Átha Cliath. An
- (2005) Tuairim ghearr ar de Paor (2005), i gcló ar chlúdach cúil de Paor (2005).
- Ó Giollagáin, Conchúr (2002) ‘Scagadh ar rannú cainteoirí comhaimseartha Gaeltachta: gnéithe d’antraipeolaíocht teangeolaíochta Ráth Cairn,’ *The Irish Journal of Anthropology* 6, 25-56.
- (2005) ‘Gnéithe d’antraipeolaíocht theangeolaíoch phobal Ros Muc, Co. na Gaillimhe.’ In Kirk, John M. agus Ó Baoill, Dónall P. [eagí] (2005) *Legislation, literature and sociolinguistics: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Béal Feirste, 138-62.
- Ó Giollagáin, Conchúr/ Mac Donnacha, Seosamh/ Ní Chualáin, Fiona/ Ní Shéaghda, Aoife/ O’Brien, Mary (2007) *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: tuarascáil chríochnaitheach*. (Dlúthdhiosca). Baile Átha Cliath.
- Ó Giolláin, Diarmuid (2005) *An dúchas agus an domhan*. Corcaigh.
- Ó hIfearnáin, Tadhg (2008) ‘Endangering language vitality through institutional development.’ In: King, Kendall A. et al. (2008) *Sustaining linguistic diversity: endangered and minority languages and language varieties*. Washington, 113-28.
- O’Malley Madec, Mary (2002) ‘From the centre to the edge: the social contours and linguistic outcomes of contact with English in an Irish core and peripheral community.’ Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D., Ollscoil Pennsylvania.
- Ó Mianáin, Pádraig (2008) ‘An “Mheán-Ghaeilge”: caighdeán teanga i gcláir óige TG4.’ In: O’Connell, E. et al. [eagí] (2008) 42-50.
- Ó Muirthile, Liam (2008) ‘Offshore on land: poetry in Irish today.’ In: Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. [eagí] (2008) 140-51.
- Ó Murchú, Máirtín (1985) Review of George Broderick *A Handbook of Late Spoken Manx* (1984), *Celtica* 17: 164-9.
- (2000) ‘An Ghaeltacht mar réigiún cultúrtha: léargas teangeolaíoch.’ In: Mac Mathúna, Liam/ Mac Murchaidh, Ciarán/ Nic Eoin, Máirín [eagí] (2000) *Teanga, pobal agus réigiún: aistí ar chultúr na Gaeltachta inniu*. Baile Átha Cliath, 9-19.

- Ó Riagáin, Pádraig (1992) *Language maintenance and language shift as strategies of social reproduction; Irish in the Corca Dhuibhne Gaeltacht: 1926-1986*. Baile Átha Cliath.
- (2008) ‘Irish-language policy 1922-2007: balancing maintenance and revival.’ In: Nic Pháidín, C. agus Ó Cearnaigh, S. [eagí] (2008) 55-65.
- Ó Sé, Liam (2000) *Crannóga: an epidemiological approach to the Gaeltacht*. Baile Átha Cliath.
- Ó Tuama, Seán (2008) *Aguisíní*. Baile Átha Cliath.
- Phillipson, Robert (2007) ‘English in Europe: threat or promise?’ In: Nic Craith, Máiréad [eag.] (2007) *Language, power and identity politics*. Basingstoke agus Nua-Eabhrac, 65-82.
- Pinker, Stephen (2007) *The stuff of thought: language as a window into human nature*. Londain.
- Primack, Joel agus Abrams, Nancy Ellen (2006) *The view from the centre of the universe*. Londain.
- Putnam, Robert D. (2000) *Bowling alone: the collapse and revival of American community*. Nua-Eabhrac.
- Ridley, Matt (1996) *The origins of virtue*. Londain.
- Riggs, Pádraigín (1994) *Pádraig Ó Conaire: deoraí*. Baile Átha Cliath.
- Schmidt, Annette (1985) *Young people’s Dyirbal: an example of language death from Australia*. Cambridge.
- Simpson, Jane agus Wigglesworth, Gillian [eagí] (2008) *Children’s language and multilingualism: indigenous language at home and at school*. Londain agus Nua-Eabhrac.
- Stiúbhart, Domhnall Uilleam (2006) ‘Beachdan air dreachd Phlana Nàiseanta na Gàidhlig Samhain 2006.’ (Ar fáil ag: <http://www.bord-na-gaidhlig.org.uk/Cochomhairle/C1110%20Domhnall%20Uilleam%20Stiubhart%20-%20Dun%20Eideann.pdf>; ceadaithe Márta 2009. Cp. <http://www.gaeilgesanastrail.com/docs/anl061.pdf>; ceadaithe Márta 2009).
- Stuart-Smith, Jane (2008) “‘We fink, so we are from Glasgow’; TV and accent change in Glasgow.’ Páipéar neamhfhoilsithe a tugadh ag seimineár taighde i Roinn an Bhéarla, Ollscoil Ghlaschú, 6 Márta 2008. (Féach:

<http://www.gla.ac.uk/departments/englishlanguage/research/researchprojects/accents/change/#d.en.27356>; ceadaithe Márta 2009).

Stuart-Smith, Jane; Timmins, C.; Tweedie, F. (2007) 'Talkin' Jockney: accent change in Glaswegian,' *Journal of Sociolinguistics* 11, 221-61.

Tanner, Marcus (2004) *The last of the Celts*. New Haven agus Londain.

Titley, Alan (1991) *An t-úrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath.

Yip, Virginia agus Matthews, Stephen (2007) *The bilingual child: early development and language contact*. Cambridge.

16 Fonótaí

¹ Cp. i gcomhthéacs státseirbhíseach: 'Ba tábhachtaí cur chuige nó modh a bhunú ná aon ní a réiteach.' (Ó Cadhain (2002: 45) m'aistriúchán féin).

² Do 'reflexivity,' féach, mar shampla, Giddens (1991).

³ Tá dearcadh seachtrach agus inmheánach mín deisbhéalach imearthach grinn ar 'bhun ár bhféiniúlachta mar mhionlach' (47) ag de Paor (2005). Tá dalladh den dearcadh inmheánach ar fáil ar ndóigh sa litríocht (liteartha go háirithe): Ó Giollagáin (2002, 2005), Titley (1991), Nic Eoin (2005), agus – sárphiosa – go háirithe leath tosaigh d'Ó Muirthile (2008). Cp. Ó Giolláin (2005: Cuid 3).

⁴ Féach an plé seo ag Dennett (1991: 205, 207) ar mhéimeanna (aonaid chultúrtha in-athchruthaithe): 'Memes now spread around the world at the speed of light, and replicate at rates that make even fruit flies and yeast cells look glacial in comparison. They leap promiscuously from vehicle to vehicle, and from medium to medium, and are proving to be virtually unquarantinable. ... If replicative might does not make right, what is to be the eternal ideal relative to which "we" will judge the value of memes?' Ionadaigh 'English' ar 'memes' ann, ach cuir 'languages' in ionad an chinn deiridh! Féach §10.

⁵ Tabhair faoi deara freisin nach é teanga mhóramh an phobail *lingua franca* an phobail, ní hionann is cás na Gaeilge, arb ionann an *lingua franca* agus teanga an mhóramh.

⁶ Leagan a thuairiscigh Ruairí Ó hUiginn dom as comhthéacs cainteoirí óga i nGaeltacht Chonamara (Catagóir A i dtéarmaíocht Uí Ghiollagáin et al (2007)) faoi bhreac-Ghaeilge a bheith á crosadh orthu ag an muintir.

⁷ Leagan a thuairiscigh Úna Lawlor dom as comhthéacs Gaelscoile Galltacha.

⁸ Féach freisin an plé ag Simpson agus Wigglesworth (2008) maidir leis an staid chomhaimseartha. Deir McConvell (2008: 256), mar shampla: 'Code-switching does not in and of itself cause language shift, However it can be, and has been sometimes in Australia, an impediment to children learning the traditional Indigenous languages, if it becomes pervasive to the exclusion of TIL [traditional Indigenous language] speech Children do not have enough exposure to the full TIL grammar and can no longer form fully grammatical sentences in the old language.'

⁹ Ní gnáthbhotúin an pháiste sa ngnáthshealbhú nach cúis inní ar bith iad ach cúis cheiliúrtha.

¹⁰ Is iontach inspioráideach sólasach athnuachantach é an tOireachtas le fada blianta. Ach féach anois chomh mór i geist is atá an damhsa (iompar gan teanga), is neart de na daimhseoirí seo ina mBéarlóirí gníomhacha sa nGaeltacht! Ach seachain nach léiriú atá sa mborradh a tuairiscítear a bheith faoin Oireachtas soghluaiste le blianta beaga anuas, nach léiriú é ar an ngéarchéim. Níl tearmann teanga Gaeilge ann, gan de Ghaeltacht againn ach ag Club an Oireachtais. (Cp. scéal Tigh Uí Chléirigh, §7).

¹¹ Tá mé buíoch de Bhrian Ó Catháin faoin gcuireadh a thug sé dhom an léacht seo a thabhairt agus faoina dhúthracht is a chruinneas ag ceartú scríbhinn an ailt. Tá mé buíoch freisin d'Úna Lawlor faoina moltaí i leith leagan den alt seo (fch. nóta 7), den Ollamh Ruairí Ó hUiginn faoi eolas atá luaite i nóta 6 agus den Ollamh Máirtín Ó Murchú faoi *r* deiridh i nGaeilge Mhanann a lua liom (§4).